

Athbhreithniú um Fheidhmiú

an

tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003

Fiosrúchán leis an gCoimisinéir Faisnéise

ar éifeachtaí an Achta Leasaithe agus

ar thabhairt isteach na dtáillí ar iarratais rochtana

ó bhail an phobail

Meitheamh 2004

Is tuarascáil í seo ar fhiosrúchán a rinne mé de réir alt 36 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (an tAcht) sna cleachtais agus sna nósanna imeachta a ghlac comhlachtaí poiblí chun críoch an chomhaill le forálacha an Achta agus cumasú daoine chun na cearta a bhronnann an tAcht orthu a chleachtadh.

Díríonn an tuarascáil go háirithe ar éifeachtaí an Achta Leasaithe agus ar thabhairt isteach na dtáillí ar iarratais rochtana ó bhaill an phobail.

De réir alt 36(5) den Acht, táim ag tabhairt cóip den tuarascáil seo don Aire Airgeadais agus do gach comhlacht poiblí. Nasctar cóip freisin le mo Thuarascáil Bhliantúil 2003, a chuirfear faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais, de réir an ghnáthchleachtais.

Emily O'Reilly

An Coimisinéir Faisnéise

Meitheamh 2004

Clár Ábhar

Leathanach

Forbhreathnú agus Achoimre na Moltaí

Caibidil a hAon: Cúlra an Leasaithe ar an Acht um Shaoráil Faisnéise agus do Thabhairt isteach na dTáillí

Caibidil a Dó: An tEispéireas Thar Lear i nGearradh na dTáillí agus in Athbhreithniú na Reachtaíochta Saorála Faisnéise

Caibidil a Trí: Éifeacht na dTáillí Roimhré ar Úsáid an Achta

Caibidil a Ceathair: Éifeacht na Leasuithe ar an Acht ar Chultúr na Saorála Faisnéise

Caibidil a Cúig: Conclúidí agus Moltaí

Aguisín I: Na Comhlachtaí Poiblí a ndearnadh suirbhé orthu i ndáil le Caibidil a Trí

Aguisín II: Na Comhlachtaí Poiblí a ndearnadh suirbhé orthu i ndáil le Caibidil a Ceathair

Aguisín III: Na Sonraí a Comhthiomsaíodh i ndáil le Caibidil a Trí

Aguisín IV: Na Sonraí a Comhthiomsaíodh i ndáil le Caibidil a Ceathair

Forbhreathnú agus Achoimre na Moltaí

Réamhrá

Leasaíodh An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 in Aibreán 2003. Thug na leasuithe na forálacha seo a leanas isteach:

- chun na teorainneacha ama um rochtain ar cháipéisí Comhaireachta a mhéadú go deich mbliana
- chun cosaint ar thaifid Rialtais a mhéadú chun feidhmithe áirithe státseirbhíseach a áireamh
- chun eisiúint na dteastas neamh-inachomhairc a cheadú chun is go mbeidh taifead mar chuid den phróiseas breithniúcháin
- chun cosaint níos fearr a thabhairt ar thaifid a bhaineann le slándáil, cosaint agus caidreamh idirnáisiúnta
- chun foráil do thabhairt isteach na dtáillí iarratais, athbhreithniú inmheánach agus athbhreithniú neamhspleách ón gCoimisinéir Faisnéise.

Ar 1 Iúil 2003 leag an tAire Airgeadais amach méid na dtáillí le gearradh: €15 ar bhun-iarratas, €75 ar athbhreithniú inmheánach agus €150 ar athbhreithniú ón gCoimisinéir Faisnéise. D'fhoráil an tAire go dtabharfaí lascaine do shealbhóirí chártaí leighis agus dá gcleithiúnaithe. Tháinig na táillí i bhfeidhm ar 7 Iúil 2003.

Tá tuairisc agam ar mhionsonraí chúlra na bhforbairtí seo i gCaibidil a hAon.

Ag an am bhí inní mhór pholaitiúil, phoiblí agus sna meáin ann go n-athródh na leasuithe agus go mbainfidís an bonn de chuspóir agus feidhmiú an Achta. Scaoilfí le ní ba lú taifead; d'fhéadfadh foireann na gcomhlachtaí poiblí na táillí a fheiceáil mar bhealach chun gach iarratasóir seachas na cinn is díograisí a bhacadh óna gcearta rochtana a úsáid go hiomlán. Bhí inní ann chomh maith go mbeadh srian ar an bpobal, ar fhoras an chostais, óna gcearta achomhairc a lorg nuair a diúltaíodh dá n-iarratais ar shaoráil faisnéise. Ba léir, dá mba chruinn an réamhaisnéis sin, go ndíluachálfaí na prionsabail taobh thiar den Acht, mar a leagtar amach go deaslabhartha ina Theideal Fada.

De réir mar a fhoráiltear dó in alt 36 den Acht um Shaoráil Faisnéise, rinne mé féin fiosrúchán chun tionchar na leasuithe seo ar fheidhmiú an Achta a fháil amach. Tá sonraí ar a bhfuair mé amach imlínithe i gCaibidilí a Trí agus a Ceathair. Tá cur síos ar mhodheolaíocht an fhiosrúcháin ar láithreán gréasáin na hOifige www.oic.ie.

Ina theannta sin, bhreathnaigh mé ar eispéireas na ndlínsí thar lear i dtéarmaí na leasuithe don bhunreachtáíocht agus na próisis a bhaineann lena réimeas muirir araon. Tá cur síos ar an méid a fuair mé amach le fáil i gCaibidil a Dó.

Torthaí Iomlána

De bharr m'fhiosrúcháin, féadfar tionchar na n-athruithe a achoimriú mar seo a leanas:

1. tá úsáid iomlán an Achta tite 50% agus tá laghdú 75% tagtha ar iarratais ar fhaisnéis neamhphearsanta,
2. ní bhaineann na meáin, ar gné thábhachtach de dhaonlathas oscailte ceartfheidhmithe iad, an úsáid chéanna anois as an Acht. Tháinig laghdú seasta ar an úsáid a bhain iriseoirí as i rith 2003. Idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004 tháinig laghdú 83% ar líon na n-iarratas agus tá an meathlú sin ag tarlú fós,
3. baineann úsáideoirí eile an Achta, daoine aonair agus comhlachtaí ionadaíochta, úsáid i bhfad níos lú as an Acht ná mar a bhain roimhe seo chun faisnéis a rochtain ar chinntí a chuireann isteach orthu go díreach nó go hindíreach,
4. tháinig meath ar iarratais ghnó chuig gach comhlacht 28% thar thréimhse dhá bhliain agus 53% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004, agus
5. d'ainneoin na n-athruithe, is cosúil go bhfuil na comhlachtaí poiblí ag feidhmiú an Achta ar bhealach cothrom agus cóir. Faoi réir roinnt cuntar, níl aon fhianaise ann a deir gur athraigh leasú an Achta nó tabhairt isteach táillí "roimhré" a n-iompar ina leith seo.

Cé gurbh fheasach dom go raibh fianaise starógach ann go rabhthas ag lorg táillí cuardaigh agus aisghabhála an-ard i roinnt cásanna, fuair mé amach, i measc na gcomhlachtaí poiblí a sampláladh, gurbh annamh a lorgáíodh táillí cuardaigh agus aisghabhála. Sna blianta 2002 agus 2003 níor iarradh táillí den sórt sin ach i 6% de na cásanna ina bhféadtaí táillí a ghearradh.

I gcomparáid le dlínsí comhchosúla eile, is beag tír eile seachas Éire a ghearr táillí athbhreithnithe agus achomhairc. Fuair mé amach chomh maith go bhfuil cur chuige na hÉireann don chuardach agus aisghabháil mar an gcéanna le tíortha thar lear. Glacann a bhformhór siúd cur chuige roghnach seachas cur chuige éigeantach do ghearradh agus bailiú na dtáillí sin.

Achoimre na gConclúidí agus na Moltaí

Bunaithe ar mo chuid torthaí, déanaim roinnt moltaí a chuirfidh feabhas ar fheidhmiú an Achta i mo thuairimse.

- Mar gheall ar thionchar thabhairt isteach na dtáillí iarratais ar úsáid an Achta *molaimse go mbreithneofaí an beartas um ghearradh táillí roimhré ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh agus chun iarratas a dhéanamh ar Oifig an*

Choimisinéara Faisnéise i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar an Acht sa todhchaí.

- Agus aird againn gur cuireadh roinnt iarratasóirí ó dhéanamh ag leasuithe an Achta *molaimse go smaoineoidís air arís agus a gcearta achomhairc a lorg ina leith seo.*
- Mar gheall ar úsáid íseal na bhforálacha tarscaoilte i ndáil le táillí roimhré agus an ceanglas dealraitheach chun feasacht iarratasóirí a spreagadh faoi na modhanna ar fáil chun costais iarratais a choinneáil go híosmhéid *molaimse go dtabharfadh an Roinn Airgeadais faisnéis mhionsonraithe don phobal maidir le feidhmiú na rialachán táillí.*
- Sna cásanna sin inar aontaigh an t-iarratasóir chun glacadh le níos lú taifead ná mar a iarradh (.i. an cás a bheith réitithe) creidimse go bhfuil an stádas céanna ag na hiarratais seo is atá acu siúd a tarraingíodh siar, agus dá bhrí sin, ba chóir aon táille iarratais a íocadh a aisíoc. *Molaimse go gcinnteoidh an tAonad Lárnach Beartais go leanfaidh comhlachtaí poiblí le cur chuige comhsheasmhach maidir le gearradh táillí ar iarratais agus athbhreithnithe inmheánacha a aistarraingíodh.*
- Is feasach dom gur féidir táille mhór chuardaigh agus aisghabhála a bheith le hiarratais toirtiúla. Féadtar an táille seo a laghdú nuair a fhaigheann an t-iarratasóir cúnamh ón gcomhlacht poiblí chun díriú níos soiléire ar na taifid a bhíonn de dhíth. *Molaimse go dtabharfadh gach comhlacht poiblí aird ar a n-oibleagáidí faoin Acht nuair a chuirtear iarratais os a gcomhair a tharraingeodh táillí suntasacha cuardaigh agus aisghabhála.*
- Creidim gur chóir táillí achomhairc a aisíoc sna cásanna inar aisiompaíodh cinntí roimhe sin agus *molaim go n-athbhreithneodh an Roinn Airgeadais a beartas um gearradh táillí sna himthosca sin.*
- Ag glacadh le tionchar na dtáillí ar líon na n-iarratas a mbítear á gcur isteach *molaim go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí a mbeartais a athbhreithniú chun a chinntiú go ndéanfar a mhéid iarratas agus is féidir a phlé lasmuigh den tSaoráil Faisnéise.*
- Creidim gur féidir le baill na meán níos mó a dhéanamh chun feidhmiú an Achta a optamú óna dtaobh féin agus *molaim gur chóir d'iriseoirí agus dá bhfostóirí a gcuid straitéisí a fhiosrú ina leith seo.*
- Mar gheall ar mo chuid torthaí i ndáil le spriocasnamh sa phróiseas cinnteoireachta *molaim go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí a bpróisis a athbhreithniú agus a fheabhsú ina leith seo.*
- Agus aird agam ar an Acht a bheith i bhfeidhm le breis agus sé bliana, creidim gur neamhshásúil go nuige seo é an dul chun cinn i gcomhlachtaí poiblí maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm a mbeartas um bainistiú taifead. *Molaimse go n-úsáidfeadh an tAire Airgeadais a chuid cumhachtaí faoi alt 15(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise chun bearta a chur in ionad chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh beartais agus córais um bainistiú taifead ag an leibhéal optamach chun ceanglais an Achta a*

chomhlíonadh.

- Creidim go bhfuil gnéithe de chur chuige beartaithe na Ríochta Aontaithe/na hAlban le moladh maidir le muirir agus *molaimse go ndéanfaí feidhmiú an mhúnla seo a athbhreithniú i gcomhthéacs aon athbhreithnithe den Acht seo sa todhchaí .*
- Ag glacadh le cur chuige roinnt de na dlínsí thar lear um ghearradh táillí i ndáil le cineálacha áirithe iarratais ó Fheisirí Parlaiminte *molaimse go ndéanfaí na táillí a ghearrfar ar fheisirí an Oireachtais a bhreithniú i gcomhthéacs aon athbhreithnithe amach anseo.*
- Agus aird á tabhairt agam ar bheartais éagsúla thar lear i ndáil le gearradh táillí ar iarratais ó bhaill na meán *molaimse go ndéanfaí an cheist a bhreithniú i gcomhthéacs aon athbhreithnithe sa todhchaí.*
- Féadfaidh lánrogha a bheith ag comhlachtaí poiblí faoin Acht chun tarscaoileadh le táillí i ndáil le taifid a thabharfadh cúnaimh faoi leith chun tuiscint saincheiste de thábhacht náisiúnta. Bunaithe ar an eispéireas thar lear, ba chóir go simpleofaí an tástáil seo chun tarscaoileadh a cheadú sa chás go mbíonn leas an phobail san iarratas nó go rachaidh sé chun tairbhe an phobail trí chéile agus *molaim go ndéanfaí an tsaincheist seo a bhreithniú i gcomhthéacs aon athbhreithnithe amach anseo.*

Tugtar imlíniú ar mo chuid torthaí, conclúidí agus moltaí i gCaibidil a Cúig.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na daoine a rannchuidigh le táirgeadh na Tuarascála seo: An Dr. Mark Morgan, Ceann Oideachais, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, as a chúnaimh i ndearadh na modheolaíochta a, mo chomhleacaithe thar lear a chomhroinn a gcuid ama liom chun ábhar a thabhairt dom do Chaibidil a Dó, agus Liam Kelly, Elizabeth Martin agus baill eile ar m'fhoireann a bhí páirteach san fhiosrúchán féin. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl don chúnaimh luath múinte a thug Oifigigh Idirchaidrimh na gcomhlachtaí poiblí dom.

CAIBIDIL A hAON

Cúlra an Leasaithe ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus do Thabhairt isteach na dTáillí

An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Ritheadh an tAcht um Shaoráil Faisnéise (SF) (an tAcht) in Aibreán 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm ar 21 Aibreán 1998. Is é cuspóir leathan an Achta ná cearta a bhronnadh ar bhaill an phobail chun faisnéis oifigiúil a rochtain don mhéid is mó agus is féidir ag teacht le leas an phobail agus leis an gceart príobháideachais. Síneadh an tAcht trí rialachán thar réimse iomlán comhlachtaí poiblí chomh maith le comhlachtaí príobháideacha sa mhéid is go bhfeidhmíonn siad feidhmeanna reachtúla poiblí. Go dtí seo, tá an tAcht sínte chuig beagnach 400 comhlacht.

Tuarascáil Ghrúpa Ardleibhéil na nArd-Rúnaithe

Bhunaigh an Rialtas Grúpa Athbhreithniú Ardleibhéil na nArd-Rúnaithe (“an Grúpa”) ar 25 Meitheamh 2002 chun feidhmiú an Achta a athbhreithniú. Ina thuarascáil siúd, cuireann an Grúpa síos ar a théarmaí tagartha mar bhreithniú ar “mar gheall ar an eispéaras a fuarthas le ceithre bliana ó tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 i bhfeidhm:

- saincheisteanna i ndáil leis an gcaoi ar feidhmíodh díolúintí ar foráladh dóibh san Acht;
- a mhéid agus a cuireadh le leas an phobail i gcleachtas trí fheidhmiú agus fhorálacha an Achta; agus
- an chothromaíocht iomchuí idir cur chun cinn na trédhearcachta sa phróiseas cinnteoireachta agus caomhnú na héifeachtachta sa phróiseas sin.”

Rinne an Grúpa 15 moladh san iomlán lena n-áirítear:

- ocht leasú reachtaíochta beartaithe ar ailt 19, 20 agus 24 den Acht,
- aon leasuithe reachtaíochta ar leasuithe teicniúla a áireamh, mar a mhol Lónra Úsáideoirí na Státseirbhíse ina athbhreithniú don bhliain 1999 ar fheidhmiú an Achta,
- leasuithe a áireamh in aon leasú reachtaíochta a bhí Aonad Lárnach Beartais na Roinne Airgeadais á mbreithniú bunaithe ar a heispéireas um fheidhmiú an Achta, agus
- táille roimhré a thabhairt isteach d’iarratais Shaoráil Faisnéise agus táille ar athbhreithnithe a bhreithniú.

Dhírigh na príomh-mholtaí i dtéarmaí na rochtana ar fhaisnéis ar leasuithe in ailt 19, 20 agus 24 agus ar thabhairt isteach táillí iarratais.

Alt 19

Sular leasaíodh é, díolúine roghnach den Acht SF a bhí in alt 19 a d'fhoráil do chosaint do thaifid áirithe a bhain le cruinnithe an Rialtais. Ba iad na príomh-mholtaí ina leith seo ná:

- An díolúine a athrú óna bheith roghnach go ceann éigeantach.
- Leasú ar alt 19(1) chun a chinntiú go dtugtar cosaint do thaifid a chruthaítear chun críche a n-úsáide ag cruinnithe Comhaireachta fiú má fheidhmítear chun críoch eile iad.
- Foráladh do dhíolúine thaifid na ngrúpaí saineolaithe nó oibre (d'oifigigh) a bhunaítear chun cúnamh le plé na Comhaireachta ar aon ní a cuireadh faoi bhráid na Comhaireachta – beidh grúpa den chineál sin deimhnithe ag an Ard-Rúnaí don Rialtas chun críoch Shaoráil Faisnéise.
- Foráladh do dhíolúine na cumarsáide idir Airí mar a bhaineann siad le hábhar ar chlár na Comhaireachta cheana féin nó ar a mbeidh aighneacht chuig an gComhaireacht le teacht nó mar a bhaineann siad le ní atá tarmlichte ag an gComhaireacht lena réiteach idir Airí.
- Síneadh na tréimhse cosanta do thaifid na Comhaireachta ó chúig bliana go deich mbliana.

Alt 20

Roimh a leasú, ba dhíolúine roghnach é alt 20 den Acht a d'fhoráil do chosaint taifead áirithe a bhain leis próiseas plé na gcomhlachtaí poiblí faoi réir na ceiste an mbeadh ceadú an iarratais ag dul i gcoinne leas an phobail de bharr na fírice go mb'fheasach don iarratasóir faoi chinneadh suntasach a bhí beartaithe ag an gcomhlacht a dhéanamh. Mhol an Grúpa go ndéanfaí tástáil leas an phobail a athchothromú chun is nár mhór taifid a scaoileadh mar a mbeadh sé chun leas ní ba mhó an phobail an t-iarratas a dheonú seachas a dhiúltú.

Alt 24

Roimh a leasú, ba dhíolúine roghnach a bhí in alt 24 den Acht a d'fhoráil do chosaint taifead áirithe a mbeifí ag súil le drochthionchar ag a nochtadh ar shlándáil, cosaint nó caidreamh idirnáisiúnta an Stáit nó nithe a bhaineann le Tuaisceart Éireann. Mhol an Grúpa go dtabharfaí breithniú ar bhearta eile/breise chun cinn chun ní ba mhó cosanta a thabhairt (féidearthacht díolúine san áireamh) do chumarsáid i stiúradh na gcaidreamh idirnáisiúnta.

Tabhairt isteach Táillí

Dúirt an Grúpa nár oibrigh na socruithe i bhfeidhm ag an am maidir le táillí a ghearradh agus nár baineadh táillí amach ach i bhfíorbheagán cásanna. Mhol sé go dtabharfaí isteach táillí roimhré ar iarratais um shaoráil faisnéise agus go mbreathnófaí ar thabhairt isteach táillí d'athbheithnithe.

An Bille um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003

D'éirigh mo réamhtheachtaí, Kevin Murphy, feasach go raibh Bille chun leasú an Achta dlite lena fhoilsiú go luath i mí Feabhra 2003 den chéad uair i ndiaidh chlár beartaithe reachtaíochta an Rialtais a bheith fhoilsithe. Ní raibh sé páirteach sa Ghrúpa Ardleibhéil agus níor chuathas i gcomhairle le m'oifige maidir le leasuithe féideartha ar an Acht. D'fhiafraigh m'Oifig den Roinn Airgeadais an rachfaí i gcomhairle léi um an mBille Leasaithe beartaithe agus cuireadh in iúl go raibh sraith moltaí ag an gCoimisinéir do leasú an Achta ag eascirt óna chuid oibre féin sna cúig bliana roimhe sin i gcinneadh athbhreithnithe um Shaoráil Faisnéise. Ar iarratas ón Roinn, cuireadh liosta de leasuithe molta ar aghaidh chuig an Roinn lena mbreithniú ar 5 Feabhra 2003. Foilsíodh an Bille um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 (an Bille) ina dhiaidh sin ar 28 Feabhra 2003.

Is fiú a thabhairt faoi deara go ndeachaigh leasuithe molta sa Bhille ar ailt 19, 20 agus 24 ní b'fhaide ná mar a mhol an Grúpa. Mar shampla, d'fhoráil leasú molta ar alt 19 go bhfeidhmeodh síneadh na tréimshe cosanta do thaifid Chomhaireachta ó chúig go deich mbliana; go bhfeidhmeodh sé freisin i gcumarsáid áirithe Aireachta. Ina theannta sin, d'fhoráil an leasú beartaithe ar alt 20 do chosaint éigeantach na dtaifead a bhain le próiseas plé de chomhlacht poiblí mar a mbíonn teastas eisithe ag Ard-Rúnaí ag maíomh go bhfuil nithe a bhaineann le próisis phlé de chuid Roinn Rialtais sa taifead féin. Maidir le halt 24, d'fhoráil an leasú beartaithe do dhíolúine éigeantach ar aicmí áirithe taifead, beag beann ar an drochthionchar a mbeadh ag a nochtadh ar chaidreamh idirnáisiúnta an Stáit.

Tráchttaireacht

Ar 11 Márta 2003, i ndiaidh dó a chumhachtaí faoi alt 39 den Acht a úsáid, d'fhoilsigh Kevin Murphy tráchttaireacht ar fheidhmiú agus ar oibriú forálacha áirithe den Acht a rabhthas ag beartú a leasaithe. Sa Tráchttaireacht sin, rinne sé cuntas ar an gcaoi ina gcuirfí isteach ar na cinní ba shuntasáí a rinne sé ó Aibreán 1998 nó don chaoi ina laghdófaí ina scóip iad dá mbeadh na leasuithe beartaithe i bhfeidhm ón tús. Go sonrach, chuir sé in iúl a inní maidir leis an mbealach inar cuireadh struchtúr ar dhá leasú bheartaithe faoi leith lenar bhain alt 19 (Cruinnithe an Rialtais) agus alt 20 (Plé na gComhlachtaí Poiblí) sa Bhille.

Gan ach roinnt mionleasuithe ar na bunmholtaí, síníodh an Bille um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003, arna rith ag dhá Theach an Oireachtais, ina dhlí an 11 Aibreán 2003 le héifeacht ón dáta sin i leith.

Rialacháin an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Táillí) 2003

D'fhoráil an tAcht Leasuithe um Shaoráil Faisnéise 2003 do ghearradh shuim airigid mar a d'fhéadfaí a bheith forordaithe i ndáil le hiarratais áirithe arna ndéanamh faoin Acht agus iarratais ar athbhreithniú ina dhiaidh sin. Ar 30 Meitheamh 2003, rinne an tAire Airgeadais Rialacháin faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997 (Táillí) (I.R. Uimh. 264 de 2003) leis an dáta tosaithe 7 Iúil 2003. D'fhoráil na Rialacháin do ghearradh táille de

shuimeanna éagsúla um iarratais SF áirithe, iarratais ar athbhreithniú inmheánach agus iarratais ar athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise. D'fhoráil na Rialacháin do tháillí a thobhach mar seo a leanas:

	<u>Costas</u>	<u>Costas Laghdaithe*</u>
Iarratas	€15	€10
Athbhreithniú Inmheánach	€75	€25
Coimisinéir Faisnéise	€150	€50

* sealbhóirí cártaí leighis agus cleithiúnaithe

D'fhan an seasamh maidir le gearradh táillí ar chuardach agus aisghabháil na dtaifead gan athrú.

CAIBIDIL A DÓ

An tEispéireas thar lear i nGearradh na dTáillí agus in Athbhreithniú Reachtaíocht na Saorála Faisnéise

Réamhrá

Ag labhairt dó sa Seanad ar 4 Márta 2003, ar chur an Bhille Leasaithe faoina bhráid, dúirt an tAire Airgeadais

"... the original Act clearly states that a (search and retrieval) fee must be charged for an FOI request unless the request is for personal information or in cases where exceptional circumstances apply. In practice the opposite has been happening with charges being the exception rather than the rule.....The difficulty is that the fees have not always been charged. The true cost of FOI is not recognised. The Bill, therefore, contains a provision that will permit the Minister for Finance to prescribe fees for access to records and for application for review of decisions which must be paid before anything else happens".

Ar 30 Meitheamh, 2003 díreach roimh shos an tsamhraidh, dúirt an tAire Airgeadais *"a substantial number of users of the FOI Act will be either unaffected or will qualify for a reduced fee....(and that) as approximately one-third of the population is covered by a medical card, a substantial portion of FOI requests for non-personal information can be expected to qualify for a reduced fee"*.

D'fhionn Tuarascáil Ghrúpa Athbhreithniú Ardleibhéil na nArd-Rúnaithe nár gearradh táillí cuardaigh agus aisghabhála ach i bhfíorbheagán cásanna. Dúradh ina dhiaidh sin gurb í an "táille roimhré an t-aon socrú inoibrithe ina bhféadfaí táillí a thobhach". Cé nach ndúirt an Grúpa aon cheo ina leith ag an tráth sin, ba léir go raibh an Grúpa ag moladh nach ngearrafaí ach muirir iarratais agus achomhairc ar iarratasóirí os coinne theaghlaim de mhuirir "roimhré" agus táillí cuardaigh agus aisghabhála mar a fhoráiltear anois san Acht leasaithe.

Cuireann an Chaibidil seo táillí, muirir agus cleachtais bhailiúcháin reatha na hÉireann i gcomparáid leo siúd i ndlínsí eile a bhfuil reachtaíocht acu ar comhchosúil lenár reachtaíocht féin í, .i. ceart rochtana, dualgas ar chomhlachtaí poiblí údar a thabhairt do chinneadh agus ceart ar athbhreithniú neamhspleách. Féachann sé freisin ar an bpróiseas agus ar thorthaí athbhreithnithe na reachtaíochta SF a tharla i roinnt de na dlínsí sin.

Táillí

Óir gur cosúil ina ndlínsí le hÉirinn iad i dtéarmaí na gcóras dlí, go ginearálta, agus go háirithe ina reachtaíocht SF, rinneadh scrúdú ar réimeas ghearradh na muirear sa Nua-Shéalainn, Queensland, Iarthar na hAstráile, sa Cholóim Bhriotanach agus in Ontario. Scrúdaigh mé na muirir bheartaithe fosta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in Albain agus sa

chuid eile den Ríocht Aontaithe. Cé go nglactar cur chuige comhchosúil ar go leor bealaí, tá éagsúlacht ann; ní bhíonn ach táillí cuardaigh agus aisghabhála ag roinnt acu, ach meascán de tháillí iarratais agus táillí cuardaigh agus aisghabhála ag roinnt eile, ar nós na hÉireann.

Léiríonn an tábla ar an gcéad leathanach eile an raon cur chuige a ghlactar (praghsanna in Euro).

Táillí Inmhuirir (a gcomhluach in Euro) – Éire agus Thar Lear

	An Nua-Shéalainn	Queensland	An Astráil Thiar	An Cholóim Bhriotanach	Ontario	Alba	An chuid eile den Ríocht Aontaithe	Éire
Táille Iarratais	Dada	20.80	18.00	Dada	3.10	Dada	Dada	15.00
Táille ar Athbheithniú Inmheánach	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	Dada	75.00
Táille Achomhairc OCF	Dada	Dada	Dada	Dada	6.20 pears. 15.60 n.phearsanta	Dada	Dada	150.00
Próiseáil/Maoirsiú+	38.15*(1 uair saor in aisce)	12.40	18.00 **	18.60 3 huair saor in aisce	18.60 (pearsanta/neamhphearsanta)	10% den chostas chuig uasmhéid de 74.63 [^]	10% den chostas chuig uasmhéid de 82.08 ^{^^}	Dada
Cuardach agus Aisghabháil +	38.15*(1 uair saor in aisce)	12.40 (más >2 uair)	Dada	18.80 3 huair saor in aisce	18.60 (pearsanta/neamhphearsanta)	10% den chostas chuig uasmhéid de 74.63 [^]	10% den chostas chuig uasmhéid de 82.08 ^{^^}	20.95
Fótachóip (Bileog A4)	0.11 céad 20 saor in aisce	0.12	0.12	0.16	0.12	Neamhchinntithe	Neamhchinntithe	0.04
Cóipeáil trí Mheáin éagsúla	Costas iarbhír tabhaithe	Costas iarbhír tabhaithe	Costas iarbhír tabhaithe	Costas iarbhír tabhaithe	Costas iarbhír tabhaithe	Neamhchinntithe	Neamhchinntithe	0.51 - 10.16
Postas agus Pacáistiú	Dada	Dada	Costas tabhaithe	Costas tabhaithe	Dada	Neamhchinntithe	Neamhchinntithe	Dada
Scéim tarscaoilte	Ag discríd an chomhlacht -a phoiblí	Táillí C&A ag discríd an chomhlacht -a phoiblí	25% ar a laghad méid ag discríd an chomhlachta	Ag discríd an chomhlacht -a phoiblí	Ag discríd an chomhlacht -a phoiblí	Dada (Neamhchinntithe)	Dada (Neamhchinntithe)	Costas Laghdaithe ++ Achai. €10 Iarr. €25 OCF €50
Táillí i bhFeidhm Pearsanta/Neamhphearsanta	Neamhphearsanta amháin	Neamhphearsanta amháin	Neamhphearsanta amháin	Neamhphearsanta amháin	Pearsanta/Neamhphearsanta	Pearsanta/Neamhphearsanta (Neamhchinntithe)	Pearsanta/Neamhphearsanta (Neamhchinntithe)	Neamhphearsanta amháin

+ Ráta de réir uair an chloig

* Aisghabháil iomlán costais don iarratasóir tráchtala tosaigh

** Ní thosaíonn ach nuair a fhaightear taifid agus i lámha an chinnteora

[^] 10% de na costais iarbhír faoi réir uaschostais de €95 – an chéad €49 saor in aisce.

^{^^} 10% de na costais iarbhír le haisghabháil faoi réir uaschostais de €20

++ Sealbhóirí chártaí leighis nó a gcleithiúnaithe

Anailís na Muirear

Pearsanta/Neamhphearsanta

Den chuid is mó, ní fheidhmítear na muirir ach i gcás na faisnéise neamhphearsanta sna hocht réimeas trí chéile. As na hocht ndlínse a scrúdaíodh ní ghearrann ach ceann amháin (Ontario) táillí cuardaigh agus aisghabhála ar thaifid phearsanta. Ag an bpointe seo, dhealródh sé go bhfuil sé beartaithe ag Albain agus fuilleach na Ríochta Aontaithe táillí cuardaigh agus aisghabhála a ghearradh ar thaifid le faisnéis phearsanta iontu. Toisc nach dtiocfaidh an reachtaíocht in Albain agus sa Ríocht Aontaithe i bhfeidhm nó go 1 Eanáir 2005, níor glacadh an cinneadh deiridh um struchtúr na muirear a chuirfí i bhfeidhm sna tíortha sin fós.

Táillí Iarratais/Achomhairc

I measc na dtíortha a ndearnadh staidéar orthu tá éagsúlacht shoiléir ann ina gcur chuige i leith táillí iarratais agus achomhairc. As na hocht réimeas a scrúdaíodh, gearrann ceathrar táille ar iarratas FOI. Tá éagsúlacht i raon na dtáillí idir €20.80 agus €3.10, agus Éire ag gearradh €15.00 ar iarratais neamhphearsanta.

Is ag céimeanna an athbhreithnithe inmheánaigh agus an achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise is mó a dhealraítear an neamhionannas idir cur chuige na hÉireann agus na rátaí thar lear. Is í Éire an t-aon dlínse amháin as na hocht gcinn a ghearrann táille ar athbhreithniú inmheánach um chinneadh (€75). Is iad Éire agus Ontario amháin a ghearrann táille ar iarratas don Choimisinéir Faisnéise: €6.20 agus €15.60 don fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta, faoi seach i gcás Ontario, agus €150 don fhaisnéis neamhphearsanta in Éirinn.

Próiseáil/Maoirsiú

As na dlínsí a scrúdaíodh, seasann Éire aisti féin as gan táille a ghearradh ar am a chaitear ag próiseáil iarratas (.i. cinneadh ar ar cheart a scaoilfí) nó ar mhaoirsiú imscrúdú na dtaifead ar deonaíodh rochtain don iarratasóir ina leith.

Cuardach agus Aisghabháil

Tá Éire (le €20.95) sa dara háit taobh thiar den Nua-Shéalainn (€38.15) amháin i dtéarmaí táillí cuardaigh agus aisghabhála in aghaidh na huair. Sa Nua-Shéalainn, ámh, is saor in aisce í an chéad uair a chaitear ar chuardach nó aisghabháil.

In Queensland agus sa Cholóim Bhriotanach mar arb í €12.40 agus €18.80, faoi seach, í an táille in aghaidh na huair, bíonn an chéad dá uair in Queensland agus na chéad trí huair sa Cholóim Bhriotanach saor in aisce. Gearrann Ontario €18.60 san uair ar chuardach agus aisghabháil agus ní ghearrann an Astráil Thiar táille ar bith orthu.

Fótachóipeáil

I measc na ndlínsí ina gcinneadh na muirir chóipeála is í Éire an ceann is saoire ag 4c do gach bileog A4. Chun na táillí seo a chur ina gcomhthéacs, ciallaíonn sé sin go mbeadh táille €4.00 inmhuirir ar iarratas neamhphearsanta le 100 leathanach ann, i gcomparáid le €6.00 sa Cholóim Bhriotanach. Ba chóir a mheabhrú, mar sin féin, nach ngearrann an Cholóim Bhriotanach táille ar iarratas, athbhreithniú ná achomharc agus go mbíonn na chéad trí huairé chuardaigh agus aisghabhála saor in aisce.

Meáin Eile

Ia fabhrach go maith í réimeas muirir na hÉireann ag 51c go €10.16 i gcomparáid le cinn eile i dtéarmaí costais de. Is beag tionchar foriomlán ag an tréith seo, ámh, mar go léiríonn taithí m'Oifigse go scaoiltear formhór na dtaifead i bhformáid chóip-pháipéir A4.

Postas agus Pacáistiú

Ní ghearrann ach an Astráil Thiar agus an Cholóim Bhriotanach muirear ar phostas agus pacáistiú.

Tarscaoileadh Ceadaithe

Feidhmíonn lascaine ar tháillí/muirir in Éirinn sa chás gur sealbhóir chárta leighis é an t-iarratasóir (nó cleithiúnaí leo). Is í éifeacht na lascaine ná chun an táille bun-iarratais a laghdú ó €15 go €10 agus táille achomhairc ar athbhreithniú inmheánach ó €75 go €25 agus an táille ar iarratas chuig an gCoimisinéir Faisnéise a laghdú ó €50 go €0. I gcás na dtáillí cuardaigh agus aisghabhála, ní féidir an táille a ghearradh sa chás go mbeadh an costas riaracháin ní ba mhó ná an táille bhailithe (úsáidtear treoir níos lú ná €10 go hiondúil). Chomh maith leis sin, féadfar an táille a laghdú dá mbeadh cúnaimh ar leith ag na taifid lena mbaineann chun ábhar de thábhacht náisiúnta a thuiscint.

Ceadaíonn Ontario do lascaine 100% ar tháillí cuardaigh agus aisghabhála. Ní cheadaítear do tharscaoileadh ar an táille iarratais de €3.10. Ceadaíonn Queensland tarscaoileadh iomlán ar na muirir i gcás chruatan airgeadais. Ní cheadaítear tarscaoileadh ar an táille iarratais de €20.80. Cé go bhforordaíonn an Astráil Thiar go gcaithfidh lascaíní ar a bheith ag 25% ar a laghad den mhuirear iomlán ceadaítear do tharscaoileadh iomlán roghnach ar mhuirir freisin.

Cleachtais um Ghearradh Muirear

Mar a thug an tAire Airgeadais le fios sa Seanad, bhí sé den tuairim nach raibh aon rialtacht le gearradh na dtáillí cuardaigh agus aisghabhála síos chuige sin. Tacaíonn an fiosrúchán seo agus an taighde a rinneadh do Thuarascáil Chomhlíonta 2001 mo réamhtheachtaí le tuairim an Aire nár gearradh na táillí cuardaigh agus aisghabhála go comhsheasmhach cé gur thosaigh roinnt comhlachtaí de bheith ag gearradh na dtáillí sin

ar bhonn níos rialta le déanaí.

Nocht m'fhiosrúchán gur gearradh táillí cuardaigh agus aisghabhála idir Eanáir 2002 agus Nollaig 2003 i sampla de chomhlachtaí poiblí ar níos lú ná 6% de na hiarratais a bhain le taifid neamhphearsanta. Níl mé in ann an fáth a mhíniú go mbíonn minicíocht ghearradh na muirear chomh híseal ach de réir na fianaise starógaí gur minic go mbíonn an fhaisnéis chun láimhe ag foireann na gcomhlachtaí poiblí nó go mbraitheann siad go mb'éifeachtúlaí agus éasca í na taifid a scaoileadh go díreach gan aisghabháil na gcostas a lorg chun déileáil leis an iarratas.

Ní in Éirinn amháin arb amhlaidh seo. San Astráil Thiar (nach ngearrann táillí cuardaigh agus aisghabhála), mar ar roghnach go hiomlán agus gan a bheith éigeantach é gearradh na muirear próiseála, ní ghearrann go leor gníomhairí aon mhuirir ar chor ar bith nó gearrann siad táille níos lú fiú sna cásanna nach gcáilíonn iarratasóir do tharscaoileadh. Léiríonn sé seo dearcadh Choimisinéir Faisnéise na hAstráile Thiar nach bhfuil Saoráil Faisnéise ceaptha lena cistiú féin, ach le bheith mar sheirbhís a sholáthraítear ó laistigh d'acmhainní reatha arna maoiniú ag na cáiníocóirí. De réir a Tuarascáil Bhliantúil 2003, laghdaíodh nó tarscaoileadh os cionn 60% de tháillí próiseála/cuardaigh agus aisghabhála agus i 78 de 125 comhlacht níor gearradh aon táille phróiseála sa chás gur íocadh táille iarratais.

Tagann patrún comhchosúil aníos in Ontario: in 2002 (na figiúirí is déanaí atá ar fáil) tobhaíodh muirir sa bhreis ar na táillí iarratais ar iomlán de 11,450 as 17,922 iarratas ar fhaisnéis ghinearálta. Astu seo, mar gheall ar chruatan airgeadais, ró-mheastachán táille nó go rachadh a scaipeadh chun leas shláinte agus sábháilteacht an phobail, tarscaoileadh táillí go hiomlán nó i bpáirt 35% den am. I 58% de na cásanna ina bhféadtaí táillí a thobhach, níor gearradh nó laghdaíodh go hiomlán nó i bpáirt iad.

I stát Queensland, cé nach bhfuil aon fhiigiúirí mionsonraithe ar fáil ina leith seo, glactar leis go dtógann go leor iarratas eile níos lú ná dhá uair an chloig ná mar a bheifí ag dúil leis, (bíonn an chéad dá uair saor in aisce) agus, dá bhrí sin, nach dtéann siad faoi tháille.

Athbhreithnithe SF agus Tionchar Thabhairt Isteach na dTáillí – An tEispéireas ón gCoigríoch

Sna tíortha a ndearnadh staidéar orthu, tá go leor athbhreithnithe déanta ar fheidhmiú na SF, idir chinn acadúla agus trí mheán coiste reachtúil agus labhair go leor Coimisinéirí Faisnéise ar thionchar thabhairt isteach na dtáillí nó leasú a reachtaíocht SF. Tugann an chuid seo a leanas blaiseadh ar na hathbhreithnithe agus moltaí ar athrú agus measúnú ar athrú a tharla i roinnt de na dlínsí.

Ontario

Tháinig *Freedom of Information and Protection of Privacy Act* Ontario i bhfeidhm sa bhliain 1988. Ag an bpointe sin, ní raibh aon táille le híoc ar iarratas chun rochtain ar thaifid nó d'achomhairc. I 1996, tugadh isteach táillí mar chuid de phacáiste foriomlán de bhearta cuíchóirithe. Mar a léiríonn an chairt thíos, tháinig laghdú os cionn 20% ar líon na n-iarratas mar gheall ar thabhairt isteach na dtáillí (ar ísle go mór ná in Éirinn iad), agus tháinig athrú ar an treoht fhoriomlán maidir le hiarratais SF a bheith ag méadú. Is le gairid a tháinig líon na n-iarratas SF ar ais chuig leibhéal roimh an mbliain 1996.

Iarratais (Ontario) 1988-2002

**Thousands > Mílte
GRAF**

Ag labhairt di ar éifeacht na dtáillí ina Tuarascáil Bhliantúil 1998 dúirt Coimisinéir Faisnéise Ontario "*The sheer size of the decrease in the number of requests and appeals compels us to question whether the new fees have gone too far, particularly the appeal filing fee*". Ina Tuarascáil 1999, dúirt sí nár cheart muirir arda táillí a bheith mar mídhreasacht riamh ar cheart na rochtana ar fhaisnéis i seilbh an Rialtais agus d'iarr sí athbhreithniú mór ar struchtúr táillí SF an Rialtais. Níl aon phlean faoi láthair ann d'athbhreithniú dá leithéid.

Dúirt an tOllamh Alasdair Roberts, ina pháipéar 1999 dar teideal "*Retrenchment and Freedom of Information - Recent Experience under Federal, British Columbia and Ontario Law*" nach aisghabháil costas í phríomh-éifeacht na n-arduithe táillí in Ontario ach seachaint costas trí thoirt na n-iarratas a laghdú. Dúirt sé chomh maith gurb iondúil cosaint a thabhairt do leasuithe ar Achtanna um Shaoráil Faisnéise mar ghnéithe riachtanacha de straitéis chun éifeachtúlacht an Rialtais a fheabhsú. Macasamhail a bhí anseo ar Thuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil Athbhreithnithe na nArd-Rúnaithe a tháinig chun conclúide ina athbhreithniú ar an Acht um Shaoráil Faisnéise "i gcomhthéacs bearta ceartaitheacha Stáitchiste níos leithne, cuirfidh cuíchóiriú réimeas na dtáillí le haghaidh a thabhairt ar ualach chostas riaracháin na SF".

Queensland

I mí na Samhna 2001, de bharr leasuithe ar réimeas na dtáillí in Queensland laghdaíodh táillí próiseála agus fiosrúcháin den chéad uair agus laghdaíodh táillí fótachóipeála ó 30c go 12c an leathanach. Sa dá bhliain ina dhiaidh sin mhéadaigh an táille iarratais faoi €1.55 ó €8.25 go €20.80.

Níl sé soiléir fós an bhfuil éifeacht shuntasach ag na hathruithe seo.

QUEENSLAND

BLIAIN

IOMLÁN

PEARSANTA

NEAMHPHEARSANTA

ATHBHREITHNIÚ

SEACHTRACH

1998-1999	7,493	3,159	4,334	291
1999-2000	10,444	4,801	5,643	327
2000-2001	10,558	5,436	5,122	376
2001-2002	10,997	5,436	5,561	275
2002-2003	11,111	5,566	5,545	212

I mí na Nollag 2001, d’fhoilsigh an *Queensland Legal, Constitutional and Administrative Committee* a athbhreithniú ar Fheidhmiú na Saorála Faisnéise in Queensland.

D’fhionn sé gur rannchuir an tAcht um Shaoráil Faisnéise le Rialtas oscailte agus cuntasach, agus d’fheabhsaigh sé rannpháirtíocht na saoránach i rialú Queensland. Ar roinnt de na leasuithe a mhol sé sa reachtaíocht a bhí na cinn seo a leanas:

- forbairt straitéise rialtais iomláin chun nochtadh níos fearr faisnéise rialtais a chur chun cinn taobh amuigh den Acht SF
- forálacha dlí chun cur chuige solúbtha agus comhairliúcháin a éascú maidir le próiseáil na n-iarratas SF
- meicníochtaí chun ceanglas a chur ar ghníomhaireachtaí agus ar airí le díriú ar an dochar a d’fhéadfadh tarlú mar gheall ar cháipéis a nochtadh seachas aicme cáipéisí lena mbaineann an cháipéis ábhartha.

I dtéarmaí táillí, mheas an Coiste ar chóir táillí a tharscaoileadh sa chás go raibh leas nó sochar an phobail sa scaoileadh sin (m.sh. chuig eagraíocht phobail). Maidir le moltaí sonracha dúirt an Coiste an méid seo a leanas:

- bíonn aisghabháil iomlán na gcostas leis na hiarratais mhóra éagórach agus níor chóir foráil mar sin a bheith in aon Acht nua
- níor chóir táillí a ghearradh sa chás go lorgáítear rochtain ar thaifid “gaol gairid” nach maireann
- níor chóir aon táille a bheith ann um athbhreithniú inmheánach nó seachtrach.

Victoria

I mí na Samhna 1989, d’fhoilsigh an *Victoria Legal, Constitutional and Administrative Committee* a athbhreithniú ar fheidhmiú na Saorála Faisnéise sa Stát sin.

Cé gur dréachtaíodh é ocht mbliana roimh Acht SF na hÉireann tá roinnt dá théarmaí tagartha dírithe ar ábhair cosúil leo siúd a pléadh in Éirinn sular tugadh isteach an tAcht leasuithe agus na táillí:

- ar chóir táillí rochtana a bheith comhghaolmhar le costas na rochtana sin?
- ar chóir rochtain shaor in aisce a bheith ag Feisirí Pharlaiminte i gcónaí?

- ar chóir don Acht cumhacht a thabhairt chun iarratais toirtiúla míréasúnta a shrianadh?
- a mhéid agus atá tionchar á imirt ag iarratais SF ar thosaíochtaí ranna

Mhol an Coiste gur chóir go gcáileodh Feisirí Parlaiminte do tharscaoileadh gach muirear faoin Acht. Mhol an Coiste chomh maith nár chóir gníomhaireachtaí rialtais a chumasú ach chun diúltú do phróiseáil na n-iarratas um ábhar nach díolúine faoin Acht é sa chás go ndíreodh próiseáil iarratais gníomhaireachtaí go suntasach nó go míréasúnta ó oibríochtaí eile.

I 1993 thug Victoria isteach táille iarratais de €1.80. Cé go mbíonn ar Fheisirí Parlaiminte táille iarratais a íoc ní chaithfidh siad íoc as am a chaitear ar chuardach agus aisghabháil.

An Astráil

Ina Thuarascáil 1987 maidir le Saoráil Faisnéise phléigh *Standing Committee on Legal and Constitutional Affairs* na hAstráile le roinnt ceisteanna atá ábhartha go mór 17 bliain ina dhiaidh sin.

Tharraing sé aird ar an bhfíric nach raibh muirir á bhfógairt do go leor iarratasóirí a bhféadtaí a iarraidh chun muirir a íoc, ag cloí le prionsabail na SF.

Ar phointe níos sainiúla, i ndáil le roinnt de na saincheisteanna a ardaíodh in Éirinn le cúpla mí anuas, bhreathnaigh an Coiste ar tharscaoileadh táillí d'Fheisirí Parlaiminte agus d'iriseoirí.

Mhol sé go ngearrfaí táille ar Fheisirí Parlaiminte cé is moite de:

- iarratais ar son toghthóirí ar chóir caitheamh leo mar iarratas díreach an toghthóra
- iarratas ar ábhar a chuirtear ar fáil go hiondúil mar fhreagra ar Cheisteanna Parlaiminte
- iarratas ar ábhar arbh iondúil go soláthrófaí d'Fheisirí Parlaiminte é.

Maidir le hiriseoirí, luadh sliocht as aighneacht a fuarthas ó Oifig an Ard-Aighne:

"there is not automatic exclusion of journalists (from the charges)we would normally expect journalists to pay because, let us be frank, for the most part they are making requests on behalf of the papers which they represent. I think they may be distinguished from Members of Parliament who do not have commercial organisations behind them"

Níor mhol an Coiste go gcuirfí forálacha sonracha tarscaoilte i bhfeidhm ar iriseoirí.

An Ríocht Aontaithe/Alba

Cé nach mbeidh an reachtaíocht i bhfeidhm go dtí 1 Eanáir 2005 agus nach bhfuil an réimeas muirir socraithe fós, tuilleann gnéithe de mhúnla ghearradh muirir na Ríochta Aontaithe/na hAlban súil níos géire a chaitheamh orthu.

Fearacht chás na hÉireann, níl an chumhacht ag údaráis phoiblí aon chostas a ghearradh ar aon chostais a bhaineann le cinntiú an fhaisnéis a bheith ann sa chéad áit, nó aon chostas a bhaineann le breithniú um fheidhmiú dhíolúintí áirithe.

I dtéarmaí cuardaigh agus aisghabhála is é an cur chuige beartaithe sa Ríocht Aontaithe nach féidir ach 10% de na costais iarbhír a ghearradh a bhaineann le cuardach agus aisghabháil suas go huaschostas de £550. Cé nach bhfuil dualgas ann chun déileáil le hiarratas más daoire ná £550 é, féadfaidh comhlacht poiblí roghnú amhlaidh ar bhonn aisghabháil iomlán an chostais má thograíonn sé.

Beidh múnla na hAlban fabhrach don iarratasóir sa mhéid is gurb í £600 an uasteorainn agus an chéad £100 a bheith saor in aisce.

Conclúid

Ní ghearrann ach trí cinn as na seacht ndlínse a ndearnadh staidéar orthu táille iarratais ar iarratais SF. Ní ghearrann aon cheann acu táille ar athbhreithniú inmheánach agus ní ghearrann ach ceann amháin (Ontario) táille ar iarratas d'Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise. Bíonn na táillí a ghearrtar in Ontario (€6.20 agus €15.60 ar fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta faoi seach) i bhfad níos ísle ná táille na hÉireann de €150 ar fhaisnéis neamhphearsanta.

Léiríonn an chomparáid thar lear go soiléir nach dtagann struchtúr ná scála tháillí roimhré na hÉireann leis an gcleachtas thar lear. Tá an táille de €150 ar iarratas chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise iomarcach i gcomparáid leis an gcleachtas thar lear. Fillim ar an ábhar seo arís i gCaibidil a Cúig.

CAIBIDIL A TRÍ

Éifeacht na Leasuithe don Acht ar Chultúr na Saorála Faisnéise

Nuair a cuireadh táillí i bhfeidhm in Iúil 2003 cheap mé go gcuirfeadh a scála cosc suntasach ar úsáideoirí an Achta, go háirithe i gcás iarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta.

Chun eolas a fháil ar threochtaí agus úsáid reatha an Achta d'iarr mé ar Ard-Rúnaithe na Ranna Rialtais go léir agus ar cheannairí 22 comhlacht poiblí eile (37 ar fad) (féach Aguisín 1) sonraí roghnaithe do gach mí ó Eanáir 2002 go Márta 2004 a thabhairt dom. Roghnaigh mé na sonraí agus an fráma ama chun anailís a dhéanamh ar fheidhmiú an Achta roimh agus i ndiaidh an leasaithe in Aibreán 2003 agus i ndiaidh thabhairt isteach na dtáillí in Iúil 2003. Ar an eolas a cuireadh ar fáil bhí sonraí míosúla:

- líon iomlán na n-iarratas a cuireadh isteach
- an cineál iarratais (m.sh. pearsanta, neamhphearsanta)
- an cineál iarratasóra (m.sh. iriseoir, ball Oireachtais, gnó srl.)
- torthaí na n-iarratas (m.sh. ceadaithe, ceadaithe i bpáirt, diúltaithe srl.)
- líon na n-iarratas d'athbhreithniú inmheánach
- líon na dtarscaoilte a ceadaíodh do tháillí iarratais/achomhairc
- líon na dteastas diolúine eisithe.

Cuimsíonn an Chaibidil seo chomh maith faisnéis a tiomsaíodh laistigh de m'Oifig féin maidir le líon na n-iarratas, táillí gearrtha, iarratais aistarraingthe srl. Tá cur síos ar an modheolaíocht i dteannta leis na sonraí comhthiomsaithe ar fáil ar shuíomh idirlín m'Oifige ag www.oic.ie

Anailís agus Torthaí

Comhlachtaí Poiblí

Iomlán na nIarratas

Cé go raibh mé ag dúil le laghdú in úsáid an Achta, níor chreid mé go dtarlódh sé chomh sciobtha ná go mbeadh sé chomh hollmhór agus a bhí: tharla titim de níos mó ná 50% i líon na n-iarratas idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Chomh maith leis sin, fuair mé amach go raibh titim de 75% i líon na n-iarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta thar an tréimhse chéanna agus go raibh titim de 20% i líon na n-iarratas ar mheascán de chinn phearsanta agus neamhphearsanta.

Fiú má chuirtear san áireamh an méadú i ngníomhaíocht iarratasóirí sa chéad ráithe de 2003, feictear dom go raibh tionchar ag an leasú ar an Acht, agus níos tábhachtaí fós b'fhéidir, ag tabhairt isteach na dtáillí, ar fheidhmiú an Achta go mór thar mar a bheadh údair thuarascáil Ghrúpa Ardleibhéil, an Rialtas, ná baill an Oireachtais ag súil leis nuair a glacadh leis an mBille Leasaithe. Tá na sonraí comhthiomsaithe a bhaineann leis an gcaibidil seo leagtha amach in Aguisín III.

Cineál Iarratais

Tháinig méadú de 3% ar líon na n-iarratas a cuireadh chuig na 37 comhlacht poiblí a ndearnadh suirbhé orthu idir 2002 agus 2003. Ar an dromchla tá an chosúlacht air go leanann sé seo an treocht bhunaithe (cé go bhfuil sé ar leibhéal i bhfad níos ísle) den mhéadú in aghaidh na bliana i líon na n-iarratas ar Shaoráil Faisnéise a cuireadh isteach chuig Comhlachtaí Poiblí. Nuair a dhéantar scrúdú níos géire air, áfach, feictear gur tharla an chuid is mó den ghníomhaíocht bhreise sa chéad ráithe de 2003 tráth a tháinig méadú ar líon na n-iarratas ar

- 1) fhaisnéis phearsanta nuair a chuardaigh iarratasóirí nó a ngníomhairí taifid maidir le ham a caitheadh i scoileanna saothair nó in institiúidí oideachais nó sláinte. Bhí an *Bord um Shásamh Institiúidí Cónaithe* ag cuardach aighneachtaí thart ar an am sin, agus ar
- 2) fhaisnéis neamhphearsanta, a spreag, aisteach go leor, Tuarascáil an Ghrúpa Ardleibhéil agus na leasuithe ar an reachtaíocht a bhí molta ag an Rialtas.

Nuair a dhéantar neamhaird ar na buaiceanna seo, is cosúil go bhfuil líon na n-iarratas ar fhaisnéis phearsanta i 2003/2004 mórán ar an leibhéal céanna le 2002, agus go raibh titim de dhá dtrian ar líon na n-iarratas ar fhaisnéis neamhphearsanta idir an ráithe dheireanach de 2002 agus an ráithe dheireanach de 2003. Sa chás seo tá an laghdú chomh mór sin is go bhfuil titim de níos mó ná 50% ar iomlán na n-iarratas neamhphearsanta sa chéad ráithe de 2004 le hais an leibhéil ráithe is ísle a taifeadadh sna 18 mí roimh thabhairt isteach na dtáillí.

Tá an laghdú seo níos mó fós laistigh den Státseirbhís. Bhí titim de 75% i líon na n-iarratas neamhphearsanta idir Eanáir-Márta 2003 agus an tréimhse chéanna i 2004 agus titim de 70% idir an ráithe dheireanach de 2002 agus an ráithe dheireanach de 2003. Cé go bhfuil fianaise áirithe ann go bhfuil deireadh tagtha leis an meath, tá iomlán na n-iarratas neamhphearsanta ag 40% den leibhéal a bhí ann i 2002.

Cineál Iarratasóra

Agus mé ag déanamh anailíse ar na sonraí seo, bhreathnaigh mé ar na catagóirí a úsáideann na comhlachtaí poiblí ar fad do chuspóirí staidrimh: iriseoir, gnó, baill Oireachtais, foireann agus eile.

Iriseoir

Sna 37 comhlacht poiblí a ndearnadh suirbhé orthu, tháinig méadú de 9% ar an úsáid a bhain baill de na meáin chumarsáide as an Acht i 2003 thar 2002. Ba é an borradh a tharla sa chéad ráithe de 2003, áfach, ba chúis le beagnach 46% de na hiarratais ar fad a chuir iriseoirí isteach i 2003. Idir an chéad ráithe de 2003, áfach, agus an chéad ráithe de 2004, tharla titim de 83% ar líon na n-iarratas ó iriseoirí agus tá sé fós ag laghdú. Tharla titim de 31% air idir an ráithe dheireanach de 2003 agus an chéad ráithe de 2004.

Tá figiúirí na Státseirbhíse níos scanrúla fós: laghdú 84% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004 agus laghdú 46% breise idir an ráithe dheireanach de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Is í an fhírinne lom nár chuir iriseoirí isteach ach 83 iarratas do Ranna na Státseirbhíse i rith na chéad trí mhí de 2004, .i. 28 iarratas gach mí nó 2 iarratas in aghaidh na míosa do gach Roinn. Tá seo i

gcodarsnacht le 92 iarratas in aghaidh na míosa i rith 2002.

Bhreathnaigh mé ar na Ranna atá freagrach as go leor cinní a threorú a bhaineann le beartas agus caiteachas i dtéarmaí an Rialtais agus cúrsaí gnó araon laistigh den Stát.

Chonaic mé gur tháinig meath de 90% ar líon na n-iarratas a chuir iriseoirí ar an Roinn Airgeadais idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004 agus titim de bheagnach 60% idir an ráithe dheireanach de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Ciallaíonn sé seo nach bhfuair an Roinn Airgeadais ach trí iarratas idir Eanáir agus Márta 2004 ó iriseoirí i gcomparáid le réimse idir 14 agus 18 iarratas in aghaidh na míosa sa dara leath de 2002.

Chonaic Roinn an Taoisigh agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an meath céanna thar an tréimhse agus faoi láthair faigheann gach Roinn iarratas amháin in aghaidh na míosa ó iriseoirí.

Gnó

Tháinig meath de 28% ar líon na n-iarratas gnó curtha chuig na comhlachtaí poiblí ar fad a ndearnadh suirbhé orthu idir 2002 agus 2003 agus titim de 53% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004.

Chonaic an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an comhlacht atá freagrach as cur i bhfeidhm agus forbairt bheartais an Rialtais sna hearnálacha fiontar, cur chun cinn na fostaíochta, forbairt na trádála, rialachán na ngnólachtaí agus cosaint na n-oibríthe, titim de 61 % i líon na n-iarratas gnó idir 2002 agus 2003. Is titim é seo ó mheán de 11 in aghaidh na ráithe i 2002 go 4 in aghaidh na ráithe i 2003. Tá an meath seo chomh suntasach nach gcreidim gur féidir é a chur go hiomlán i leith imeachtaí Aonad Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise na Roinne a dhéanann iarracht an méid iarratas agus is féidir a láimhseáil lasmuigh den Acht. Tá comharthaí áirithe ann go bhfuil méadú ar imeachtaí i 2004 ach tá sé ró-luath le bheith cinnte faoi seo.

Chonaic an Roinn Airgeadais titim de 83% in iarratais ghnó idir an ráithe dheireanach de 2002 agus an ráithe dheireanach de 2003 agus meath foriomlán in aghaidh na bliana de 43%. Tá líon na n-iarratas a fhagheann Roinn an Taoisigh ón gcatagóir iarratasóra seo neamhthábhachtach.

Baill Oireachtais

Tháinig méadú de thart ar 171% ar líon na n-iarratas a chuir baill an Oireachtais chuig na comhlachtaí poiblí a ndearnadh suirbhé orthu i 2003 le hais 2002. Arís, tharla go leor den mhéadú seo sna sé mhí idir Eanáir agus Meitheamh 2003. I gcodarsnacht leis sin, bhí figiúr na ráithe deireanaí 40% ní b'ísle ná an t-iomlán comhfhreagrach i 2002.

Ina dhiaidh sin, áfach, is cosúil nach raibh tionchar den mhéid céanna ar iarratais ó bhaill an Oireachtais agus a bhí ar chatagóirí eile. Cé gur tharla meath de 74% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004 (-79% sa Státseirbhís) taispeánann tuarascáil na chéad ráithe de 2004 iarratais ag teacht isteach ag mórán an leibhéal céanna agus a bhí i 2002. Tá sé ró-luath a rá an feabhas buan é seo nó an bhfuil tionchar air ag fachtóirí séasúracha nó cinn eile.

Foireann

B'iarratais phearsanta den chuid ba mhó iad na cineálacha iarratais déanta sa chatagóir seo a raibh baint acu le taifid phearsanra na foirne féin. Ionntu féin, níor chuir na leasuithe don Acht ná tabhairt isteach na dtáillí isteach ar an gcatagóir seo iarratasóra. Cé go bhfuil laghdú beag ar an méid iarratas idir 2002 agus 2003 d'fhéadfadh sé gur féidir é sin a chur i leith méadaithe i scaoileadh na dtaifead a bhaineann leis na hiarratais sin lasmuigh den tSaoráil Faisnéise. Ar aon chaoi, níl an figiúr ráithiúil do dheireadh-2003 agus tús-2004 ach rud beag níos lú ná na tuairisceáin ráithiúla don bhliain 2002.

Eile

Cuimsíonn an chatagóir seo iarratais déanta ag daoine agus grúpaí nach bhfuil clúdaithe ag na catagóirí eile. Cé go mbaineann tromlach na n-iarratas sa chatagóir seo le faisnéis phearsanta baineann cuid mhaith de na hiarratais le socrúithe chomhlachtaí poiblí a bhfuil tionchar acu ar dhaoine nó ar ghrúpaí daoine go díreach agus go hindíreach. D'fhéadfadh na hiarratais seo a bheith ó dhuine atá ag cuardach faisnéise faoi mholtaí maidir le diúscairt na dramhaíola ar thalamh cóngarach nó ó ghrúpaí tacaíochta atá ag cuardach faisnéise faoi cheisteanna a bhaineann lena bpobail áitiúla.

Tháinig titim de 44% ar mhéid na n-iarratas ón gcatagóir "Eile" idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Tá an titim seo leanúnach mar is léir ó thitim breise de 5% (-2% sa Státseirbhís) idir an ráithe dheireanach de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Bhí laghdú de thart ar 20% i líon iomlán na n-iarratas sa dara leath de 2003 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna i 2002. Tagann sé seo leis an meath de 50% in iarratais neamhphearsanta luaite thuas. Tá sé réasúnta, dar liom, chun glacadh leis go mbaineann an meath seo go príomha le titim i líon na n-iarratas neamhphearsanta.

Taispeánann na figiúirí seo titim iarbhír de níos mó ná 1,000 ar iarratais idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Fiú má dhéantar neamhshuim den chéad ráithe de 2003 ag glacadh leis go raibh sé neamhghnách, ciallaíonn an difríocht idir an ráithe dheireanach de 2002 agus an chéad ráithe de 2004 go mbeidh laghdú de bheagnach 1,700 i líon na n-iarratas má leanann an patrún reatha ar aghaidh i mbliana.

Torthaí na n-iarratas

Agus mé ag déanamh anailíse ar thorthaí bhreathnaigh mé ar ar tharla d'iarratas nuair a bhí sé curtha i gcrích ag comhlacht poiblí .i. an raibh sé ceadaithe go hiomlán, ceadaithe i bpáirt, diúltaíte, réitithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise, tarraingthe siar, nó aistrithe do chomhlacht poiblí eile.

D'athraigh patrún na dtorthaí i rith 2003. Cheadaíodh céatadán ní ba mhó d'iarratais ina n-iomlán, bhí méadú beag ar líon na n-iarratas ceadaithe i bpáirt agus thit líon na n-iarratas a diúltaíodh. Bheifí ag súil leis seo ós rud é go ndiúltaítear d'iarratais ar fhaisnéis neamhphearsanta níos minice ná iarratais ar fhaisnéis phearsanta. Agus titim ag tarlú i gcéatadán na n-iarratas neamhphearsanta, bheifí ag súil le méadú i gcomhréir leis i gcéatadán na socrúithe a cheadaíonn rochtain iomlán.

Tugann anailís ar an Státseirbhís agus ar an tseirbhís phoiblí i gcoitinne i measc na gcomhlachtaí poiblí a ndearnadh suirbhé orthu léargas ar ghníomhaíocht na seirbhíse poiblí in 2003. Cé go raibh céatadán ní b'airde d'iarratais phearsanta ag an Státseirbhís ná mar a bhí ag na comhlachtaí poiblí

(fiartha is dóigh ag iarratais ar fhaisnéis a bhain le cúram na n-institiúidí), níor cheadaigh an Státseirbhís rochtain iomlán ach i 35% de na cásanna ar fad – pearsanta agus neamhphearsanta – (ardú ó 28% i 2002) i gcodarsnacht le 51% (gan athrú ar bith ó 2002) sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Glacaim leis go mbíonn cineálacha taifid difriúla i gceist (m.sh. taifid Rialtais, próiseas caibidlíochta na Roinne srl.) agus nach foláir ceisteanna difriúla a chur san áireamh. Glacaim leis chomh maith nach bhfuil críoch curtha leis na hiarratais a bhaineann le cúram na n-institiúidí go fóill (féach mo Thuarascáil Bhliantúil 2003). Mar sin féin, cé gur tháinig méadú aníos go 43% ar na hiarratais curtha chuig an Státseirbhís a ceadaíodh ina n-iomlán roimh an ráithe dheireanach de 2003 tugann na sonraí leid go gcuireann an Státseirbhís an tAcht i bhfeidhm níos déine ná mar a dhéanann comhlachtaí poiblí eile.

Ba rud suntasach eile an meath i líon na n-iarratas réitithe lasmuigh den tSaoráil Faisnéise. I dtéarmaí torthaí, thit sé ó 14% go 9% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Is cosúil gur thosaigh an meath seo sa dara ráithe de 2003 agus go bhfuil an titim ag leanúint ó shin. Níl an patrún seo chomh suntasach céanna sa Státseirbhís i gcomparáid le comhlachtaí poiblí eile. Níor réitigh siad ach 7% de chásanna lasmuigh den tSaoráil Faisnéise sa chéad ráithe de 2004.

Iarratais ar Athbhreithniú Inmheánach

Mar a luaigh mé cheana, tugadh isteach táille de €75 in Iúil 2003 ar iarratais ar athbhreithniú inmheánach neamhphearsanta.

Le linn na bliana 2002, ba é an meán ráithiúil de shocruithe a ndearnadh achomhairc go hathbhreithniú inmheánach orthu ná 13.5% do na comhlachtaí poiblí ar fad (15% don dara leath de 2002). Sa chéad ráithe de 2004, gearradh an céatadán de chásanna a ndearnadh achomhairc go hathbhreithniú inmheánach orthu faoi leath go 7%. Laistigh den Státseirbhís bhí an meath ní ba shuntasáí; thárla titim ó mheán de bheagnach 15% i 2002 go dtí 7% roimh an gcéad ráithe de 2004.

Teastais Diolúine

I ndiaidh an leasaithe don Acht, d'fhéadfadh comhlachtaí poiblí áirithe teastais a eisiúint de réir alt 19 agus 20 an Achta chomh maith le halt 25 mar a bhí roimhe. Tríd is tríd, ligeann eisiúint na dteastas seo a bhaineann le taifead do chomhlachtaí poiblí rochtain don taifead sin a dhiúltú i ndiaidh dóibh iarratas a fháil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Forálann Ailt 19(4), 20(1A)(d) agus 25(11) den Acht um Shaoráil Faisnéise go gcaithfear tuairisc a chur chuig an gCoimisinéir Faisnéise a leagann síos líon na dteastas sin a eisíodh, más ann dóibh.

Alt 19

Cuireann Alt 19 cosaint ar fáil do thaifid a bhaineann leis an Rialtas nó leis an gComhairacht. I ndiaidh an leasaithe don Acht, cuimsíonn an sainmhíniú Rialtais, i gcúinsí áirithe, coiste oifigeach a dhearbhaíonn an tArd-Rúnaí don Rialtas. Forálann alt 19(4) den Acht go gcuirfidh Ard-Rúnaí an Rialtais tuairisc scríofa faoi bhráid an Choimisinéara a luann líon na dteastas a d'eisigh sé nó sí.

Tá sé curtha in iúl dom ag Ard-Rúnaí an Rialtais nár eisigh sé teastas ar bith den chineál sin i 2003.

Alt 20

De réir alt 20 an Achta tá díolúine ó scaoileadh taifead áirithe a bhaineann le próisis chaibidlíochta chomhlachta poiblí. Ceadáíonn Alt 20(1A)(a) diúltú taifid sa chás gur eisigh Ard-Rúnaí Roinn Stáit teastas scríofa ag rá go bhfuil “Ábhar a bhaineann le próisis chaibidlíochta Roinn Stáit” i dtaifead áirithe. Tar éis a bheith i gcomhairliúchán le gach Ard-Rúnaí cuireadh in iúl dom nár eisíodh teastas ar bith faoi alt 20 i 2003.

Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise

Iomlán na nIarratas ar Athbhreithniú a Fuarthas

Cuireadh líon iomlán na n-iarratas do m’Oifig i 2003 (1119) as a riocht mar gheall ar líon na n-achomharc (464) a fuarthas i dtaobh na gcásanna faoi chúram in institiúidí luaite cheana (féach “Cineál Iarratais” ag tús na Caibidle seo). Gan iad seo a chur as an áireamh, tharla titim de 56% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004. Má bhreathnaítear ar ráithe dheireanach 2002 (nuair nach raibh an borradh chomh suntasach sin), bhí titim de 44% i líon na n-iarratas a fuarthas idir an tréimhse sin agus an ráithe dheireanach de 2003.

Nuair a dhéantar anailís ar na figiúirí seo de réir pearsanta/neamhphearsanta/meascán tagann pictiúr níos soiléire chun solais.

Pearsanta

I rith 2002 cuireadh idir 80 agus 100 iarratas chuig m’Oifig ar athbhreithniú "pearsanta". Bhí ardú le feiceáil agus deireadh na bliana ag teacht nuair a tosaíodh ag aireachtáil tionchar an ardaithe in iarratais ar shásamh i leith cúraim institiúidí. Lean an t-ardú i líon na n-iarratas sin i rith an chéad leath de 2003. Ag druidim le deireadh 2003 agus ag dul isteach i 2004, áfach, tháinig meath sciobtha ar líon na n-iarratas pearsanta do m’Oifig go dhá dtrian de leibhéal 2002. Míníonn anailís ar na sonraí don chéad ráithe i 2002 agus 2004 faoi seach aimhrialtacht dhealraitheach seo an laghdaithe ar achomhairc don Oifig seo i gcásanna nuair nach ngearrtar táillí. Sa chéad ráithe de 2002, fuarthas 62 iarratas ar thaifid phearsanta a bhaineann le hoideachas agus ceisteanna sláinte. Bhí baint ag go leor acu le cásanna faoi chúram institiúidí. I 2004 bhí 38 cásanna mar sin ann. Mar sin, tá an chosúlacht air go mbaineann an titim i líon na n-iarratas pearsanta go príomha le titim sa chineál seo cáis a thagann chuig m’Oifig.

Neamhphearsanta

Bhí patrún na n-iarratas ar athbhreithniú ar fhaisnéis neamhphearsanta i rith 2002 agus 2003 ní ba bhuaine, cé go raibh eisceacht ann go luath i mí Iúil nuair a cuireadh isteach 61 iarratais in aon seachtain amháin sular tháinig na táillí i bhfeidhm. Tá leibhéal na n-iarratas ar athbhreithnithe neamhphearsanta faoi láthair ag thart ar leath go trian den leibhéal a bhí ann i 2002/luath i 2003.

Meascán

Is cosúil nár athraíodh leibhéal na n-iarratas measctha. Tá an fhéidearthacht ann, áfach, go n-athróidh cuid de na hiarratasóirí a n-iarratais chuig ceann pearsanta (.i. tríd an ngné neamhphearsanta a fhágáil ar lár) nuair a fhaigheann siad amach faoin táille iomchuí.

An tEispéireas tar éis na dtáillí

Ag breathnú ar mo thaithí féin faoi fheidhmiú na dtáillí achomhairc, tá sé spéisiúil a thabhairt faoi deara gur athraíodh 50 iarratas "mheasctha" (is é sin meascán de phearsanta agus neamhphearsanta) go pearsanta amháin, chun an táille de €150 a sheachaint, is cosúil. Chomh maith leis sin, socraíodh go raibh 14 iarratas neamhbhailí ós rud é nach raibh íocaíocht in éineacht leo. Is léir, mar sin, go raibh tionchar láithreach ag tabhairt isteach na dtáillí ar an leas foriomlán a bhain iarratasóirí as a gceart chun achomhairc.

Is é an méid iomlán a fuair m'Oifig mar tháillí iarratais go dtí deireadh Márta, 2004, ná €15,125. Tá costais m'Oifige i mbunú na scéime i bhfad níos mó ná an figiúr seo. Mar sin, chomh fada agus a bhaineann sé le m'oifig, is deacair é a réiteach le ceann de na haidhmeanna luaite le tabhairt isteach na dtáillí, is é sin go ndéanfadh na táillí seo ranníocaíocht do na costais riaracháin a bhaineann le Saoráil Faisnéise.

CAIBIDIL A CEATHAIR

Éifeacht na Leasaithe don Acht ar Chultúr na Saorála Faisnéise

I ndiaidh an leasaithe ar an Acht agus tabhairt isteach na dtáillí, cuireadh inní in iúl go bhféadfadh comhlachtaí poiblí a nós imeachta i leith iarratas um Shaoráil Faisnéise a athrú, go comhfhiosach nó go fo-chomhfhiosach. Glacadh leis go hidirnáisiúnta go raibh an tAcht 1997 ar cheann de na samplaí is fearr de reachtaíocht Shaoráil Faisnéise mar gheall ar an gcothromaíocht a bhí ann idir a bheith oscailte, cosaint a thabhairt don phríobháideachas agus do leas dlísteanach chomhlachtaí poiblí agus an Rialtais. D'fhógair sé deireadh le cultúr na rúndachta agus tugadh aitheantas don eochair-ról a bhí aige i gcruth nua-aimseartha a chur ar na seirbhísí Stáit agus poiblí.

Thug an Rialtas le fios go gcaithfí a bheith dáiríre faoin Acht agus mar léiriú ar an ngealltanais seo chuir siad tréimhse dhá mhí dhéag ullmhúcháin ar fáil do chomhlachtaí poiblí sular tháinig an tAcht i bhfeidhm in Aibreán 1998. Tharla clár oiliúna foirne gan choinne agus dá bharr sin ghlac státseirbhísigh agus seirbhísigh phoiblí go dearfach le prionsabail na Saorála Faisnéise.

Laghdaigh an tAcht Leasaithe 2003 an méid oscailteachta trí shrian nó díolúine iomlán a chur ar rochtain do chineálacha áirithe taifid. Chomh maith leis sin ní ghlacfaí a bheag ná a mhór le hiarratais ná le hachomhairc maidir le faisnéis neamhphearsanta murar íocadh an táille iomchuí.

Ba í an inní a bhí agam go mbeadh torthaí tánaisteacha neamh-inmhianaithe ar na srianta nua seo. Go háirithe, d'fhéadfaidís an gealltanais dearfach don tSaoráil Faisnéise i measc chomhlachtaí poiblí a laghdú. D'fhéadfaidís tionchar a bheith acu chomh maith ar sheirbhísigh phoiblí ar leith ionas nach mbeadh nós imeachta chomh cuiditheach céanna acu agus iad ag plé le hiarratais ar Shaoráil Faisnéise. Bhí inní orm freisin go mbainfí úsáid as na táillí arda ar athbhreithniú inmheánach agus ar achomharc mar "scagairí" chun daingne iarratasóirí a thástáil, trí chaighdeán laghdaithe i socrúithe nó faillí i leith freagraí a sheoladh ar chor ar bith.

Agus é seo ar intinn acu, thug m'fhoireann cuairt ar na 17 comhlacht poiblí luaite cheana chun caighdeán agus patrún na gcinntí faoi Shaoráil Faisnéise idir Eanáir 2002 agus Nollaig 2003 a scrúdú. Roghnaigh m'Óifig sampla randamach srathaithe de bheagnach 15% (1,300) de na comhaid ar fad a bhí ag na comhlachtaí áirithe, agus rinneadh scrúdú orthu faoi na ceanteidil seo a leanas:

- freagra/neamhfhreagra ar iarratais um Shaoráil Faisnéise
- torthaí iarratais (ceadaithe, diúltaithe srl.)
- tráthúlacht na socrúithe
- caighdeán an phróisis chinnteoireachta
- díolúintí éilithe
- táillí cuardaigh agus aisghabhála a ghearradh.

Rinne mé an chuid seo den scrúdú trí dhá shuirbhé éagsúla a chur ar bun: bhreathnaigh Suirbhé a hAon ar thaithí na gcomhlachtaí roghnaithe idir Eanáir 2002 agus Nollaig 2003. Bhreathnaigh Suirbhé a Dó ar thaithí na gcomhlachtaí idir Iúil agus Nollaig 2002 agus an tréimhse sé mhí chéanna i 2003 chun sonraí a aimsiú a raibh tionchar orthu ag an leasú agus ar thabhairt isteach na

dtáillí araon.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearnadh scrúdú ar na comhaid ar fad a bhí i seilbh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain mar gheall ar líon íseal na n-iarratas a fuair an Institiúid. Toisc an sampla a bheith beag níl na figiúirí sin curtha san áireamh san fhaisnéis chomhiomlán. Ina dhiaidh sin tagann an patrún aimsithe san Institiúid leis an bpatrún foriomlán. Chomh maith leis sin chuir m'fhoireann an tOifigeach Idirchaidrimh do Shaoráil Faisnéise i ngach ceann de na comhlachtaí poiblí faoi agallamh.

Imlíonnn an Chaibidil seo mo chuid faisnéise maidir leis seo. Tugtar sonraí na gcomhlachtaí a ndearnadh suirbhé orthu in Aguisín II agus leagtar amach na sonraí bailithe in Aguisín IV.

Anailís agus Torthaí

Tá cur síos déanta agam cheana ar éifeacht na Leasuithe ar an Acht agus tabhairt isteach na dtáillí ar chleachtas na n-iarratasóirí. Sa Chaibidil seo, déanaim scrúdú ar chleachtas na ngníomhairí eile sa chothromóid: comhlachtaí poiblí agus a gcuid fostaithe.

Tugann roinnt de na sonraí bailithe údar imní dom agus tá an chosúlacht air go bhfuil tuilleadh taighde ag teastáil. Go ginearálta, áfach, níor aimsigh mé patrún cleachtais a thugann le fios gur athraigh comhlachtaí poiblí nó a bhfoirne a nós imeachta maidir le feidhmiú an Achta ó rinneadh leasú air. Níor aimsigh mé fianaise ach an oiread go raibh an tAcht, táillí cuardaigh agus aisghabhála, ná táillí iarratais/achomhairc á bhfeidhmiú sa chaoi is go gcuirí laghmhisneach ar úsáideoirí an Achta leas a bhaint as a gceart rochtana ar fhaisnéis.

Imlíonnn na hailt seo a leanas go gearr mo chuid faisnéise maidir le freagra/neamhfhreagra, tráthúlacht an fhreagra, torthaí, caighdeán na socruithe, díolúintí éilithe, agus feidhmiú na dtáillí cuardaigh agus aisghabhála.

Freagra/Neamhfhreagra agus Tráthúlacht an Fhreagra

I measc na gcomhlachtaí poiblí a ndearnadh scrúdú orthu, níor aimsigh mé fianaise go raibh patrún ann d'fhailí i leith freagra a thabhairt ar iarratais um Shaoráil Faisnéise i ndiaidh an leasaithe nó tar éis thabhairt isteach na dtáillí. Ina áit sin, fuair mé gnáthráta freagartha de 99-100% thar an tréimhse athbreithnithe ar fad, seachas eisceacht i ráithe amháin i 2002 nuair a bhí ráta freagartha de 97% ann. Go ginearálta ní dhearna na Ranna Státseirbhíse a ndearnadh scrúdú orthu chomh maith le comhlachtaí eile, ach ba bheag an difríocht ann.

Níor cuireadh amach na freagraí seo ar fad laistigh d'fhráma ama cheithre seachtaine, áfach. Níor aimsigh mé difríocht i bpatrún iompair idir nó laistigh de 2002 agus 2003 do na Ranna Státseirbhíse a raibh meán de 75% "in am" acu thar an tréimhse. Tharla titim bheag i lár 2003 do na comhlachtaí poiblí eile. Tháinig laghdú ar a meán siúd ó 84% i 2002 go 75% i 2003. Tá an chosúlacht air gur aisiompaíodh an titim seo roimh dheireadh na bliana.

Torthaí

D'aimsigh mé ardú beag i gcéatadán na socrúithe nuair a ceadáíodh rochtain do thaifid ina iomláine nó i bpáirt ó rinneadh leasú don Acht/ó tugadh isteach na táillí. Ní raibh an t-ardú seo chomh suntasach agus an ceann aimsithe san anailís luaite i gCaibidil a Trí ach is dóigh go dtarlaíonn sé mar gheall gur cuireadh ualach ní ba throime de ranna "beartais" isteach sa sampla a ndearnadh anailís orthu sa Chaibidil seo. Bíonn ráta diúltaithe níos airde de ghnáth ag an gcineál seo Roinne seachas ag comhlachtaí poiblí "cliant-bhunaithe".

Is ceart a thabhairt faoi deara go bhfuil an chosúlacht ar an scéal go bhfuil deireadh tagtha leis an nós imeachta iarratais a láimhseáil lasmuigh den tSaoráil Faisnéise, go háirithe sa tseirbhís phoiblí níos leithne. Tá súil agam nár tharla sé sin trí chineálacha áirithe iarratais a "chur le chéile" ionas go mbeifí in ann táillí a ghearradh i gcásanna nach ngearrfaí táillí roimhe. Ina dhiaidh sin, áfach, is feasach dom gur míníodh é mar chomhartha go rabhthas ag deileáil le ní ba mhó iarratas ar an bpointe agus nach bhfuil siad taifeadta mar iarratais Shaorála Faisnéise sa chéad áit. Is feasach dom freisin gur neamhiontaofa é taifeadadh na ngnéithe seo agus nach ann dó i gcásanna áirithe.

Tagaim ar ais chuig an gceist seo i gCaibidil a Cúig

Caighdeán an Phróisis Chinnteoireachta

Iarratais Tosaigh

I dtéarmaí chaighdeán an chinnidh, dhírigh mé ar chásanna inar diúltaíodh do thaifid ina n-iomláine nó i bpáirt. Dhírigh mé ar thrí eochair-tháscaire:

- ar luadh alt ábhartha an Achta?
- ar míníodh an díolúine? agus
- ar cuireadh an díolúine i bhfeidhm ar na taifid a bhí i gceist?

Ar Luadh an tAlt Ábhartha?

Ní thagann aon phatrún de laghdú ar an gcaighdeán chun solais idir 2002 agus 2003: fuair mé go raibh an t-alt ábhartha luaite i 80% go 90% de na cásanna a ndearnadh scrúdú orthu. Rinne na comhlachtaí nach Státseirbhísigh iad ní b'fhearr ná a macasamhla i rith 2003 ach ba bheag an difríocht eatarthu.

Ar Míníodh an Díolúine?

Tríd is tríd, tháinig feabhas ar líon na gcinntí inar míníodh an díolúine thar an tréimhse. D'ardaigh sé ó 76% i 2002 go 85% i 2003 de na cásanna a ndearnadh scrúdú orthu.

Ar Cuireadh an Díolúine i bhfeidhm ar an Taifead?

Cé gur bhain céatadán na gcásanna inar cuireadh na díolúintí i bhfeidhm ar na taifid le réimse ní ba leithne (65% go 84% de na cásanna a ndearnadh scrúdú orthu), thaispeáin 2003 feabhas beag i gcomparáid le 2002.

Cé nár thaispeáin an ghné seo de mo scrúdú titim ar bith i gcaighdeáin na cinnteoireachta, léirigh sí go bhfuil gá le tuilleadh oibre chun díolúintí a mhíniú agus iad a chur i bhfeidhm ar thaifid – go háirithe anois nuair a ghearrtar táillí ar iarratasóirí. Tagaim ar ais chuig an gceist seo i gCaibidil a Cúig.

Athbhreithnithe Inmheánacha

D’aimsigh mé meath i líon na gcásanna a ndearnadh achomhairc d’athbhreithniú inmheánach orthu ar chinntí iarratas do Shaoráil Faisnéise a cheadú, a cheadú i bpáirt, nó a dhiúltú. Tharla titim de thrí phointe céatadáin sa dá ráithe dheireanacha de 2003. Comhfhreagraíonn an figiúr seo le m’fhaisnéis i ndáil leis seo i gCaibidil a Trí.

Maidir le caighdeán na gcinntí ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh fuair mé gur tháinig feabhas éigin air idir 2002 agus 2003. Is údar inní dom é, áfach, a thabhairt faoi deara go bhfuil na táscairí feidhmiúcháin i dtaobh cinntí ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh ar a laghad 10% ní b’íse ná mar a bhí nuair a rinneadh an cinneadh ar dtús. Tá mé buartha faoi seo go háirithe ós rud é go ngearrtar táillí athbhreithnithe inmheánaigh ar iarratasóirí.

Díolúintí éilithe

Baineadh an úsáid ba choitianta as díolúintí alt 28 (faisnéis phearsanta) agus alt 10 (níl na taifid ann nó ní féidir iad a aimsiú) thar thréimhse shamplach dhá bhliain an scrúdaithe. Ar na cinn eile a luadh go forleathan a bhí alt 19 (ceisteanna Rialtais), alt 20 (próiseas caibidlíochta) agus alt 21 (iniúchtaí, scrúduithe srl.). Tharla borradh in imeachtaí sa tréimhse ráithe a ceathair de 2002/ráithe a haon de 2003. Tagann sé seo leis an mbuaic in imeachtaí iarratasóirí a tharla thart ar an am céanna.

Thug mé aird ar leith, agus mé ag breathnú ar úsáid na ndíolúintí seo i gcinntí rochtana do thaifid a dhiúltú nó a cheadú i bpáirt, ar na cinn ar bhain srianta breise leo de réir an Achta Leasaithe: alt 19 (ceisteanna Rialtais), alt 20 (próiseas caibidlíochta) agus alt 24 (slandáil/cosaint an Stáit). Rinne mé cur síos cheana i gCaibidil a hAon ar éifeacht an Achta Leasaithe ar na díolúintí áirithe seo.

Ní raibh fianaise ar bith go mbaineadh úsáid mhéadaithe as alt 19 i ndiaidh an Achta Leasaithe. Ina áit sin, d’aimsigh mé laghdú in úsáid alt 19 i lár 2003. Dealraíonn sé sin gur tharla titim i líon na n-iarratas ar an gcineál taifid seo agus thiocfadh sé seo le tuairimí na nOifigeach Idirchaidrimh do Shaoráil Faisnéise.

Cé nach féidir patrún a aimsiú in úsáid alt 20, is léir, áfach, nár spreag an leasú ar an Acht úsáid bhreise na díolúine seo. Ina theannta sin d’iarr mé ar an Roinn Airgeadais agus ar Roinn an Taoisigh comhaid agus taifid 2002/2003 ar fad inar luadh alt 20 mar dhíolúine a chur ar fáil do m’fhoireann, rud a rinne. Roghnaigh m’fhoireann sampla de 10% de na comhaid seo (ní ba mhó ná 40 ar fad) agus scrúdaigh siad na cinntí agus na taifid i ngach cás. Cé go mbeadh soiléiriú ar an bhfáth gur baineadh úsáid as an díolúine áisiúil i líon beag cásanna, ní raibh fianaise ar bith ann go rabhthas ag baint úsáid mhíchuí as alt 20 sna Ranna seo, roimh ná i ndiaidh an leasaithe don Acht.

Níor thoghair na comhlachtaí nach Státseirbhísigh iad Alt 24 ar chor ar bith. Seachas Ráithe 3, 2003, níl fianaise ar bith ann gur baineadh úsáid bhreise as Alt 24. A mhalairt ar fad, ós rud é go mbaineann foirmle bunaithe ar aicme leis anois, seans go leanfaidh an meath ina úsáid mar is cosúil go ndéanfar líon iarratas níos lú ar thaifid sa réimse seo.

Cuardach agus Aisghabháil

Tá líon iarbhir na samplaí de tháillí cuardaigh agus aisghabhála a bhí gearrtha beag go maith i gcomparáid le líon iarbhir na n-iarratas neamhphearsanta. Bhí 116 sampla i 2002 agus 160 i 2003. Míníonn siad seo 4.5% agus 6.4% faoi seach de na hiarratais neamhphearsanta. Ina dhiaidh sin, áfach, is feasach dom ásc ina ndearnadh iarratas ar shuimeanna ollmhóra. I gcásanna áirithe bhí iolraithe de na mílte euro i gceist. I gcásanna mar sin, rinneadh athruithe suntasacha ar na hiarratais nó tarraingíodh siar ar fad iad nuair a rinneadh éileamh ar tháillí. Tagaim ar ais chuig an gceist seo i gCaibidil a Cúig.

Tá sé tugtha faoi deara agam nach minic a ghearrtar táillí agus dá bharr sin bheadh sé díchéillí tuairimí cinntitheacha a bhaint as. Ina dhiaidh sin, áfach, bhí an t-iomlán bailithe sna 17 comhlacht i 2003 (€7,779) 70% ní ba mhó ná an méid bailithe i 2002 (€4,612). Chomh maith leis sin, tá fianaise ann go bhfuil comhlachtaí poiblí áirithe ag gearradh táillí cuardaigh agus aisghabhála go rialta áit nach ndearnadh i gcónaí roimhe (m.sh. ospidéal deonacha).

Laghdú ar Tháillí Iarratais

Bhí a fhios agam go bhféadfadh iarratasóirí iarracht a dhéanamh tionchar na dtáillí a laghdú tríd an ngné neamhphearsanta dá n-iarratais a tharraingt siar, nó trí iarratas neamhphearsanta a tharraingt siar ina iomláine. Mar sin, mar chuid de m'iniúchadh, d'iarr mé ar chomhlachtaí poiblí líon na gcásanna inar tharla laghdú i mbuniarratais/i dtáillí athbhreithnithe inmheánaigh a thaispeáint, chomh maith leis na cásanna inar aisíocadh táillí mar gheall ar iarratasóirí ag tarraingt siar a gcuid iarratas.

Laghdú Táille

Bhain mé amach na sonraí iar-tháillí a soláthraíodh do thréimhse m'Iniúchta mar a pléadh sa Chaibidil roimhe. D'fhionn mé gur ceadaíodh táillí laghdaithe in ocht gcás as 630 bun-iarratas idir 7 Iúil agus 31 Nollaig 2003 sna 16 comhlacht ar fad a sholáthraigh staitisticí dom, is é sin 1.27% den iomlán.

Aisíocaíocht Táille

Fuair mé amach gur aisíocadh táillí faoi 28 uair sna 16 comhlacht a sholáthraigh an fhaisnéis, is é sin 4.4% de na cásanna.

Laghdú um Athbhreithniú Inmheánach

Arís, sna 16 comhlacht a bhí i gceist d'fhionn mé nár laghdaíodh táillí athbhreithnithe inmheánaigh ach i gceithre chás.

Agallaimh le hOifigigh Idirchaidrimh do Shaoráil Faisnéise

Chuir m'fhoireann agallamh ar na hOifigigh Idirchaidrimh ábhartha maidir le cur chuige na gcomhlachtaí ar leith don tSaoráil Faisnéise. Ar na nithe a pléadh sna hagallaimh bhí acmhainní tiomanta d'Aonaid Idirchaidrimh, na caighdeáin curtha i bhfeidhm ar chinntí agus a dtaithí faoin mbealach inar chuir an leasú don Acht agus tabhairt isteach na dtáillí isteach orthu ar bhonn laethúil.

Acmhainní

Ar an meán bíonn triúr ag obair ar Shaoráil Faisnéise amháin i ngach ceann de na 17 comhlacht. De ghnáth bíonn bainisteoir sinsearach i gceannas ar an Aonad (ag leibhéal Phríomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís). Déanann thart ar leath de na hAonaid obair Shaorála Faisnéise ar bhonn lánaimseartha agus níor tháinig laghdú ar na hacmhainní a leithdháileadh sa bhliain seo caite.

Seiceáil Caighdeáin

Bhí córas rianaithe leictreonach ag leath de na 17 comhlacht a bhí i gceist agus rianaigh an leath eile an próiseas inmheánach de láimh. Maidir le caighdeáin na cinntí a sheiceáil, rinne 12 seiceáil orthu ag an gcéim cinnidh sular eisíodh iad, rinne péire seiceáil orthu i ndiaidh na heisiúna, rinne ceann amháin spotseiceáil ar chinntí agus ní dhearna ceann amháin seiceáil ar bith.

Táillí Cuardaigh agus Aisghabhála

Mhaígh leath na gcomhlachtaí a ndearnadh suirbhé orthu go ngearrann siad táillí cuardaigh agus aisghabhála i gcónaí. (Thosaigh trí cinn díobh ag gearradh táillí in Eanáir/Feabra 2003). De na comhlachtaí a ghearrann táillí, is é an meán d'aistarraingt iarratas is féidir a chur i leith iarratas ón gcomhlacht poiblí ar tháille ná trí cinn in aghaidh na bliana (is figiúr starógach é seo go príomha). Níor mhaígh ach trí chomhlacht go ndearnadh gearáin chucu i dtaobh thabhairt isteach táillí.

Cineálacha Iarratais/Iarratasóra a raibh Éifeacht orthu

Is cosúil gurb iad na cineálacha iarratais a raibh éifeacht orthu go príomha ná iarratais neamhphearsanta i gcoitinne agus “tóireacha” ar fhaisnéis. Aithníodh iriseoirí ar an gcineál iarratasóra a raibh an éifeacht is mó orthu.

Cineál iarratais a bpléadh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise

Ní dhúirt ach comhlacht amháin nach raibh sé de nós aige faisnéis a scaoileadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise. Ar na cineálacha iarratais a pléadh lasmuigh de Shaoráil Faisnéise bhí ábhar foilsithe, faisnéis phearsanta foirne, staitisticí, faisnéis neamh-íogair, taifid othar agus

taifid riaracháin.

Bainistiú Taifead

Ní raibh beartas ar bith ann i dtaobh bhainistiú taifead ach ag deich gcinn de na 17 comhlacht.

Arís, ní bhfuair mé fianaise ar bith d'athrú chur chuige um an tSaoráil Faisnéise sna comhlachtaí poiblí atá i gceist. Bhí ball foirne sách sinsearach i gceannas ar na hAonaid Idirchaidrimh, agus cé go bhfuil údar inní faoin bpróiseas cinnteoireachta nó faoi struchtúirí Saorála Faisnéise i gcuid de na comhlachtaí poiblí, chuaigh an leibhéal spéise agus diongbháilteachta a thaispeáin foirne na nAonad i bhfeidhm ar m'fhoireann féin.

Ina dhiaidh sin, tá sé i gceist agam a chinntiú go gcuirfidh an comhlacht nach bhfuil nós imeachta aige chun caighdeán a chinntí a sheiceáil, ceann i bhfeidhm. Pléim i gCaibidil a Cúig roinnt rudaí eile a bhfuil mé buartha fúthu, lena n-áirítear easpa straitéis comhleanúnach i dtaobh bhainistiú taifead.

Cásanna a ndearnadh Achomhairc orthu chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise

Ní dhearnadh achomharc chuig m'Oifig ar bhonn faillí i bhfreagra a thabhairt ar iarratas ar athbhreithniú inmheánach in aon cheann de na cásanna a ndearnadh scrúdú orthu. Tugann sé seo le fios nach bhfuil comhlachtaí poiblí ag baint úsáid rialta as chun cineálacha áirithe iarratais nó iarratasóra a scagadh, cé go bhféadfadh na táillí arda ar achomharc chuig m'Oifig cosc a chur ar iarratasóirí faoi leith.

CAIBIDIL A CÚIG

Conclúidí agus Moltaí

Tionchar na Saorála Faisnéise

Díríodh m'fhiosrúchán ar an méid atá leasuithe don Acht agus tabhairt isteach na dtáillí tar éis srian a chur ar a éifeachtacht fhoriomlán.

Sula dtugaim achoimre ar mo chuid conclúidí agus moltaí ba mhaith liom an fiosrúchán a chur ina chomhthéacs. Ó tháinig an tAcht i réim i 1998, tá pobal na hÉireann tar éis glacadh go dearfach agus go dícheallach leis. Aithníonn gach seirbhíseach poiblí agus a nAirí nach bhfuil áit ar bith ann do chultúr na rúndachta oifigiúla i riarachán nua-aoiseach a bhíonn dírithe ar a chustaiméirí. Dá bhrí sin agus in ainneoin na leasuithe don Acht, tá cultúr um Shaoráil Faisnéise beo linn agus is fiú breathnú siar ar thorthaí na Saorála Faisnéise le blianta beaga anuas.

Faoi dheireadh na Nollag 2003 bhí breis agus 80,000 iarratas déanta faoin Acht. Bhain an chuid is mó díobh seo go díreach le cúrsaí pearsanta na n-iarratasóirí, lena dteaghlaigh nó le saincheisteanna a raibh tionchar acu a bheag nó a mhór ar a saol laethúil. Dá bharr seo ní dhéantar tuairisciú ar go leor de dheathionchar an Achta agus b'fhéidir gur lú meas air.

D'úsáid daoine aonair agus baill na meán cumarsáide an tAcht chomh maith chun caiteachas chomhlachtaí poiblí a iniúchadh agus chun na fáthanna laistiar dá gcinntí a mhionscagadh. Is fiú a lua, dar liom, roinnt de na saincheisteanna atá os comhair an phobail anois mar gheall ar an Acht. Cuireadh go mór le heolas an phobail mar gheall ar shaoráil na faisnéise seo agus i gcásanna áirithe tháinig leasú nó tiontú ar bheartas na nÚdarás in eochair-ábhair den bheartas poiblí.

- Foilsítear go huathoibríoch Tuairiscí na mBord Sláinte um chigireacht na dTithe Altranais,
- Nochtaigh Tuairisc um Chúram Sláinte na bPríosún easnaimh sa chóras,
- Léirigh páipéarachas a bhain leis an nGrúpa um Straitéis Chánach malairt tuairimí leis an Aire Airgeadais um 'Indibhidiúlú' cánach,
- Léirigh páipéir ó 2000 a bhain le dflárú nach raibh roinnt státseirbhíseach sinsearach ar a suaimhneas le roinnt de na moltaí,
- Bíonn tuairiscí na gCigirí Bunscoileanna don Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar fáil anois,

- Foilsítear táblaí go rialta anois faoi ‘Scoileanna fothaithe na nOllscoileanna’,
- Cuirtear eolas ar fáil go rialta maidir le costais Bhaill an Oireachtais,
- Foilsíodh polasaí roinnt otharlann maidir le haistriú bhaill choirp na bpáistí go hotharlanna sa Ríocht Aontaithe,
- Cuirtear páipéarachas ar fáil go rialta maidir le hiarratais fhostaíochta i gcomhlachtaí poiblí (litreacha molta, nótaí na mbord agallaimh srl),
- Scaoileadh le páipéarachas a bhain leis an aontas idir an Stát agus an Eaglais Chaitliceach ar an socrú maoinithe um íocaíochtaí cúitimh ag éirí as próiseas cúitimh na n-institiúidí,
- Scaoileadh le páipéarachas a nocht teannas idir an Roinn Airgeadais agus an Roinn Sláinte agus Leanaí maidir le caiteachas na Seirbhíse Sláinte,
- Scaoileadh le páipéarachas a bhain leis na méadaithe i gcostais Sport Campus Ireland (Spórtlann na hÉireann),
- Léiríodh neamhréir idir dréacht-thuarascálacha faoin tsábháilteacht iarnróid,
- Scaoileadh le páipéarachas a bhain le ceapachán beartaithe Iar-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí, an Breitheamh O’Flaherty, don Bhanc Infheistíochta Eorpach,
- Scaoiltear anois le hainmneacha na bhfaighteoírí na leibhéal is airde de roinnt fordheontas talmhaíochta ón AE,
- Cuirtear comhfhreagras idir Ranna Rialtais agus Comhlachtaí leath-Stáit ar fáil anois (m.sh. táille ceadúnais RTÉ),
- Cuirtear cáipéisíocht tairisceana rathúil ar fáil go rialta anois ar minic iad ag plé leis na milliúin Euro de chaiteachas (m.sh. maoiniú Telecom Éireann).

Is léir mar sin gur gléas thar a bheith luachmhar atá san Acht i gcomhair mionscagtha an bheartais phoiblí ó dhearcadh an phobail mar dhaoine aonair agus cáiníocóirí. Tá súil agam go leanfar de bheith ag úsáid an Achta ar shlí a uasmhéadóidh a rannchuidiú le sochaí na hÉireann. Tá sé i gceist agam go bhfeabhsóidh na torthaí agus moltaí a éiríonn as m’fhiosrúchán éifeachtacht fhoriomlán na Saorála Faisnéise.

Comhairliúchán agus Rialúchán Níos Fearr

Spreag leasú an tAcht um Shaoráil Faisnéis agus tabhairt isteach na dtáillí díospóireacht ag leibhéal agus déine nach rabhthas ag súil léi idir polaiteoirí, na meáin chumarsáide agus an pobal i gcoitinne. Bhain an díospóireacht le héifeachtaí féideartha na leasuithe ar úsáid an Achta agus, dá bharr sin, ar mhionscagadh chinnteoireacht na gcomhlachtaí poiblí.

Ar an drochuair, bhí go leor den díospóireacht níos aineolaí ná mar a d'fhéadfadh sí. Rinneadh athbhreithniú rúnda ar an Acht, áiríodh forálacha breise leis an mBille gan comhairliú le rannpháirtithe leasmhara agus cinneadh leibhéal na dtáillí gan aon phlé ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar fheidhmiú an Achta. Mar a dúradh ní ba luaithe, tá athbhreithniú déanta ag tíortha eile ar a gcur chuige i leith na Saorála Faisnéise.

Cé go n-aithním gur thug an Grúpa Ardleibhéil nósanna imeachta thar lear san áireamh mar chuid dá bpróiseas machnaimh, creidim go gcinnteofaí díospóireacht ní b'eolaí ar éifeachtaí na leasuithe molta dá gceanglófaí athbhreithniú oscailte agus anailís ar na leasuithe molta le taithí m'Oifige. Dá ndéanfaí an t-athbhreithniú ar an gcaoi seo is féidir nach mbeadh éifeachtaí na leasuithe ar úsáid an Achta comh drámatúil sin.

Foilsíodh Páipéar Bán an Rialtas “Rialú Níos Fearr” in Eanáir 2004 agus cuireadh béim ann ar an riachtanas atá ann don chomhairliúchán cuí mar dhea-chleachtas criticiúil i bhfeabhsú chaighdeán an rialúcháin. Tá na pointí seo a leanas san áireamh sa pháipéar plé “I dTreo Rialúchán Níos Fearr”, a foilsíodh roimh fhoilsiú an Pháipéir Bháin:

- ba chóir go mbeadh rialacháin soiléir (dea-dhréachtaithe), leanúnach (éasca lena leanúint) agus sothuigthe ag an bpobal agus iad siúd a mbaineann an rialúchán leo;
- ba chóir go leanfadh beartú an rialúcháin próiseas comhairlithe leis an bpobal i gcoitinne nó leo siúd ar dócha go mbainfidh sé go díreach leo;
- ba chóir go lorgófaí roimhré tuairimí agus riachtanais na ngníomhaireachtaí a mbeadh orthu rialachán áirithe a fhorfheidhmiú.

Tá sé phrionsabal dhea-rialachais sa Pháipéar Bán. Baineann tiomantas do chomhairliú níos leithne roimh rialúchán le ceann acu - trédhearcacht. Ag labhairt dó ag seoladh an Pháipéir Bháin dhearbhaigh an Taoiseach go mbeadh an próiseas um dhéanamh rialachán ‘ní ba chórasaí agus cuimsithí feasta’ agus go mbeadh ‘comhairliúchán oscailte’ i gceist.

Torthaí Iomlána

Ag éirí as m'fhiosrúchán is féidir torthaí na leasuithe a achoimriú mar seo a leanas

- 1) tá titim breis agus 50% in úsáid an Achta fad is atá titim 75% d'iarratais faisnéise neamhphearsanta ann;

- 2) is lú an seans anois go n-úsáidfidh na meáin chumarsáide an tAcht cé gur cuid lárnach iad i ndaonlathas oscailte feidhmithe cuí. Thit úsáid na n-iriseoirí i rith 2003. Bhí titim 83% idir an chéad ráithe de 2003 agus an chéad ráithe de 2004 agus tá sé ag titim i gcónaí.
- 3) ní bhíonn úsáideoirí eile an Achta, idir dhaoine aonair agus ghrúpaí ionadaíochta, ag úsáid an Achta chomh minic is a bhí roimhe seo chun eolas a fháil ar chinntí ag a mbíonn tionchar díreach nó neamhdhíreach orthu, agus
- 4) in ainneoin na leasuithe, is léir go bhfuil na comhlachtaí poiblí ag feidhmiú an Achta go cothrom diongbháilte. Lasmuigh de roinnt eisceachtaí níl fianaise ann gur athraigh siad a n-iompar maidir le feidhmiú an Achta mar gheall ar leasuithe nó táillí “roimhré”.

Cuireann an Chaibidil seo roinnt míniúchán chun cinn, ó thaobh chionsiocair an mheatha. Fiosraíonn sí na cúiseanna a bhí laistiar den titim agus molann sí gníomhartha ar féidir a ghlacadh sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma chun a chinntiú go n-optamóidh an tSaoráil Faisnéise a ról mar bhunghné chriticiúil dár bpróiseas daonlathach.

Conclúidí agus Moltaí

Tá roinnt gnéithe, dar liom, a theastaíonn tuilleadh airde uatha, agus tá mo thuairim ar seo bunaithe ar m'anailís ar shonraí a bailíodh le linn an fhiosrúcháin, scrúdú comhad um Shaoráil Faisnéise de chuid na gcomhlachtaí poiblí, agallaimh leis na hOifigigh Theagmhála agus m'anailís ar an taithí thar lear. De réir Roinn 36 den Acht déanaim moltaí chun feidhmiú an Achta a fheabhsú agus baill an phobail a éascú chun a gcearta a chleachtadh faoina bhun.

Titim in úsáid an Achta

Luaigh mé cheana na mórathruithe a tharla in úsáid an Achta, m.sh. titim shuntasach ar iarratais neamhphearsanta in éineacht le titim shuntasach ar líon na n-iarratas ó iriseoirí agus daoine/grúpaí eile

Is féidir go bhfuil meon diúltach i leith éifeacht an Achta ag fás i measc úsáideoirí an Achta mar gheall ar leasuithe ar ranna áirithe den Acht (cuirim i gcás Ranna 19, 20, 21 agus 24 mar shampla) agus dá bhrí sin níl siad ag déanamh iarratas a thuilleadh. Ach nuair a leasaíodh an bun-Acht ag athshainiú “díolúine” go “díolúine aicme” (i. nach bhfuil aon chruthúnas dochair riachtanach) níl feidhm leis ach i gcoinníollacha teoranta. Comh maith leis sin nuair atá eisceachtaí eile leasaithe tá siad dochar-bhunaithe go fóill. Faoi théarmaí an Achta tá an dualgas ar an gcomhlacht poiblí a chruthú go dtiteann an taifead laistigh den aicme ginearálta nó go bhfuil sé réasúnta a bheith ag súil go dtarlóidh an dochar a bhfuiltear ag súil leis. Dá bhrí sin *iarraim ar iarratasóirí a bhfuil drogall orthu iarratais a dhéanamh mar gheall ar leasuithe an Achta, athsmaoineamh a dhéanamh agus a gcearta a lorg maidir leis seo.*

Ní chreidim gur cheap an Rialtas ná an tOireachtas go mbeadh an titim ar úsáid an Achta chomh forleathan. Cé go nglacaim go réidh leis go mbeadh athrú suntasach ar iarratais inmheánacha i gcomhair athbhreithiúnais agus iarratais athbhreithiúnais le m'Oifig mar gheall ar an réimeas táillí nua, is ábhar iontais é, áfach, chomh forleathan is atá an titim i líon na n-iarratas nuair a chuimhnítear ar leibhéal modhach na táille a bhí ann ar an gcéad dul síos.

Nuair a chuir an Grúpa Athbhreithnithe Ardleibhéal a fháthanna chun cinn ar tháillí a thabhairt isteach rinne an Grúpa tagairt d'iarratasóirí srathacha ag mí-úsáid an Achta trí il-iarratais a chur isteach chuig daoine aonarach agus an iliomad comhlachtaí. Níl sé oiriúnach i gcomhthéacs an fhiosrúcháin plé a dhéanamh ar choincheap na n-iarratas bearránacha atá deacair a chruthú, agus go deimhin, gur annamh atá siad mioscaiseach. I bhformhór na gcásanna tarlaíonn na hiarratais seo nuair a dhéantar damáiste do dhuine nó nuair a chreideann daoine go ndearnadh damáiste dóibh de bhrí idirghníomhú le comhlachtaí poiblí agus is in iarracht a thuiscint cad a tharla agus cén fáth a tharla sé a chuireann siad na hiarratais isteach.

Sin ráite, áfach, is léir ó shúil ghrinn ar thitim na n-iarratas ón tús gur laghdaíodh iarratais ó iriseoirí 83% ó thus 2003 agus tús 2004, agus gur thit iarratais neamhphearsanta 75% sa tréimhse chéanna. Is féidir liom a chreidiúint gur bheag an smaoineamh a bhí i gcuid de na hiarratais, go raibh cuid eile ró-leathan agus i gcásanna áirithe gur tráláireacht tríd na taifid a bhí ar bun chun fáil amach má thagann aon rud suimiúil chun tosaigh. An bhfuil sé réasúnta, áfach, go bhfuair na táillí réidh le thart ar 2000 iarratas bearránacha in aghaidh na bliana sa 37 comhlacht a ndearnadh suirbhé orthu? Ní chreidim é. Is féidir go bhfuil na hiarratasóirí den tuairim go saorálfaí níos lú faisnéise faoi Acht leasaithe agus go n-úsáidfí réimeas na dtáillí mar mhodh glanta amach na n-iarratasóirí seachas iad siúd a bhí fíor-dhaingean. Is dócha, faraor, gur beag an baol go ndéanfadh iarratasóirí a bhfuil an tuairim sin acu, go ndéanfaí iarratas um Shaoráil Faisnéise sa chéad dul síos.

Tá a fhios agam trí scéal scéil go gceapann roinnt iarratasóirí, agus baill de na meáin chumarsáide ach go háirithe, go bhfuil na comhlachtaí poiblí níos déine anois ó thaobh na saorála faisnéise de. Cé gur féidir nach bhfuil roinnt comhlachtaí chomh so-lúbtha agus a bhí, tá sé soiléir ó thorthaí an fhiosrúcháin go bhfuil na comhlachtaí poiblí ag feidhmiú forálacha an Achta go cothrom diongbháilte i gcónaí. Mholfaínn d'iarratasóirí a leanúint ar aghaidh ag cleachtadh na gceart atá acu faoin Acht.

Táillí Iarratais

Ba chóir go mbeadh iarratasóirí ar an eolas go gceapann an Roinn Airgeadais gurb ionann agus iarratas amháin ó thaobh táille de, il-iarratais a dhéantar laistigh d'iarratas aonarach. Is féidir nach bhfuil a fhios ag cách faoin tuairim seo.

Comh maith leis sin is léir ó agallaimh leis na hOifigigh Theagmhála gurbh fhéidir go scoiltfí iarratais athbhreithnithe inmheánacha ina gcodanna nó iarratais éagsúla ar mhaithe le táillí. Cé go bhfeictear dom nár tharla sé seo go fóill ní chuirfinn fáilte roimh a

leithéid de cleachtais agus ní chreidim go mbeadh sé indéanta laistigh de choinníollacha an Achta.

Fuair mé amach comh maith gur beag an líon iompróirí cártaí leighis a úsáideann an leibhéal laghdaithe táillí a leagtar síos sna rialacha, in ainneoin meon an Aire ag an am. Arís eile, is féidir go dtarlaíonn sé seo toisc nach dtugtar go leor eolais d'iarratasóirí atá i dteideal maidir le laghdú táillí.

Molaim go soláthraíonn an tAonad Lárnach um Beartais sa Roinn Airgeadais eolas sonrathach don phobal i leith feidhmiú rialacha na dtáillí.

De réir na rialacha táillí ba chóir go n-aisíocfaí na táillí ina n-iomláine i gcásanna ina n-aistarraingeofaí iarratas nó achomhairc. Is é cleachtas m'oifige na táillí a aisíoc ní amháin nuair a aistarraingítear iarratas ina iomláine ach comh maith leis sin nuair atá an t-iarratasóir sásta comhréiteach a dhéanamh ar bhonn shaoráil cuid de na taifid a chlúdaítear san iarratas agus an chuid eile den chostais a ligeann uaidh/uaithe. Is ionann na socruithe sin agus aistarraingtí agus tá siad i dteideal, dar liom, aisíocaíochtaí táillí. *Molaim go gcinnteoidh an tAonad Lárnach um Beartas go leanfaidh na comhlachtaí poiblí cur chuige comhsheasmhach ar tháillí maidir le hiarratais agus athbhreithnithe inmheánacha a tharraingítear siar.*

Séard a tharlaíonn sna cásanna seo go socraítear an t-iarratas lasmuigh den Acht um Shaoráil Faisnéise agus mar sin ba chóir an táille a aisíoc.

Táillí Cuardaigh agus Aisghabhála

Ón bhfiosrúchán ar chomhaid ó 17 comhlacht poiblí fuair mé amach nach bhfuil táillí cuardaigh agus aisghabhála á ngearradh ach i mionlach de chásanna. Go deimhin, níl na dtáillí ach beagán thar €3.00 an t-iarratas ar an meán ar gach iarratas deonaithe nó páirt-dheonaithe. Tuigim, áfach, go bhfuil cásanna ar luadh táillí measta ar na mílte euro leo (m.sh. iarratais a bhain leis an tSeirbhís Phríosún, próiseas na meastúchán srl). Is féidir nach bhfuil fócas na n-iarratas seo cruinn go leor agus éiríonn na dtáillí as sin. É sin ráite, áfach, tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí cúnamh réasúnta a thabhairt d'iarratasóirí i sainiú a n-iarratas. *Molaim go gcuimhneodh comhlachtaí poiblí go bhfuil dualgais orthu faoin Acht nuair a dhéantar iarratais a tharraingeodh táillí suntasacha cuardaigh agus aisghabhála.*

Ina theannta sin, thagair mé i gCaibidil a Dó don chodarsnacht idir an beartas reatha a ghearrann idir tháillí iarratais agus táillí cuardaigh agus aisghabhála, rud nach raibh á mholadh, dar liom, ag an nGrúpa Ardleibhéil.

Iriseoirí

Is í an taithí laistigh de chomhlachtaí poiblí ná go mbíonn iriseoirí ag trálacaireacht níos lú agus ag déanamh níos lú iarratas neafaiseach. Faoin réimeas táillí reatha, ní mór d'iriseoirí a n-úsáid den Acht a bhainistiú ar bhonn níos éifeachtúlaí. Léirigh mé cheana

féin an chaoi inar féidir líon na n-iarratas a uasmhéadú agus gan ach táille amháin ‘roimhré’ á híoc, agus an chaoi inar féidir táillí cuardaigh agus aisghabhála a laghdú trí lom-aird a dhíriú ar an bhfaisnéis a bhíonn de dhíth. Creidimse gur féidir leis na meáin níos mó a dhéanamh chun feidhmiú an Achta a optamú óna ndearcadhsan de, agus *molaimse gur chóir d’iriseoirí agus dá bhfostóirí a gcuid straitéisí ina dtaobh sin a fhiosrú.*

Daoine Aonair/Leasghrúpaí

Creidim go mbaineann cuid mhaith dá bhfuil ráite agam maidir le hiriseoirí, go mbaineann sé an oiread chéanna le daoine aonair agus leasghrúpaí comh maith. Chun an tAcht a fheidhmiú go héifeachtach ina leith seo ba cheart dóibhsean. freisin athbhreithniú a dhéanamh ar a gcur chuige siúd don Acht um Shaoráil Faisnéise.

Aisíocaíochtaí Táillí sa chás ina gCealaítear Cinntí

Tugadh na táillí isteach ionas go dtuigfeadh na hiarratasóirí fíorchostais na Saorála Faisnéise: is é an t-úsáideoir a íocann as (páirt de ar a laghad). Faoin reachtaíocht tomhaltóra, aisíoctar luach aon earraí fabhtacha ar ais don tomhaltóir. Creidim gur chóir rialacha comhchosúla a fheidhmiú i leith na dtáillí um Shaoráil Fhaisnéise. Má chuireann comhlacht poiblí cinneadh ar ceal ina athbhreithniú inmheánach; ar cinneadh é ar ghlac an comhlacht poiblí céanna é roimhe sin, feictear dom gur éagórach an nós é go mbíonn ar an iarratasóir €75 breise a íoc ar fhaisnéis a raibh sé nó sí i dteideal dó sa chéad dul síos. Ba chóir go bhfeidhmeofaí na prionsabail chéanna ar chinntí comhchosúla de chuid m’oifige féin. *Molaimse go ndéanfaidh an Roinn Airgeadais athbhreithniú ar a beartas um neamh-aisíoc na dtáillí sna cúinsí seo.*

Lasmuigh den tSaoráil Faisnéise

Ba léir gur tháinig meath le déanaí ar chéatadán na n-iarratas atáthar á bplé lasmuigh den tSaoráil Faisnéise, nó, mar mhalairt léimh air, gur mainníodh chun taifeadadh go scaoiltear taifid ar an mbealach seo. Bheinn buartha dá mbeadh ar chéatadán ní b’airde d’iarratasóirí táille mar sin a íoc anois ná mar a bheadh amhlaidh roimh thabhairt isteach na dtáillí. Tugaim faoi deara é, dá mba amhlaidh an cur chuige sin, go rachadh sé glan i gcoinne an bheartais poiblí ina leith sin. Ag labhairt dó leis an Seanad ar 5 Bealtaine 2004, dúirt an tAire Stáit sa Roinn Airgeadais an méid seo: “Níor chóir go ngearrfaí costais mhí-riachtanacha ar iarratasóirí agus ba chóir go dtabharfaí an deis dóibh aisíocaíocht a fháil nuair is féidir an fhaisnéis a fháil lasmuigh den tSaoráil Faisnéise nó gur cinnte gur díolmhaithe iad” *Molaimse go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí athbhreithniú ar a mbeartas chun a chinntiú go bpléitear leis an oiread iarratas agus is féidir lasmuigh den tSaoráil Faisnéise*

Próiseas Cinnteoireachta

Cé go bhfuil sástacht ghinearálta le tuairisciú agam le feidhmiú na gcomhlachtaí poiblí a

athbhreithníodh, rinne mé suntas de gur ghá feabhsuithe maidir le caighdeán an phróisis chinnteoireachta ag céim an bhun-iarratais agus ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh, go háirithe agus na hiarratasóirí ag íoc as an bpríbhleáid anois. *Molaimse go ndéanfaidh gach comhlacht poiblí, mar is gá, athbhreithniú agus feabhsú ar a bpróisis chinnteoireachta i ndáil le gach ceannlíne i gCaibidil a Ceathair den Tuarascáil seo.*

Bainistiú Taifead

Mairimid in aois ina mbíonn formhór na faisnéise ginte agus stóráilte go leictreonach. Bíonn méid na faisnéise sin ag fás go heaspóntantúil gach bliain. Braitheann leas nó neamhleas féidearthach na faisnéise seo ar bheartas cuí um bainistiú na dtaifead. Ó thaobh an tAcht um Shaoráil Faisnéise de, is gléas thar a bheith tábhachtach é córas éifeachtach um bainistiú taifead leis an rochtain ar thaifead a fheabhsú, go háirithe mar a ngearrtar táillí cuardaigh agus aisghabhála.

Tá sé faighte amach agam go gcaithfear i bhfad níos mó a dhéanamh ina leith seo. Cé gur feasach dom roinnt comhlachtaí poiblí a bheith ag dul i ngleic leis an réalaocht úr seo, ba dhealraitheach gur lú toilteanais atá ag comhlachtaí eile. Ina Thuarascáil um Chomhall (2001), mhol mo réamhtheachtaí go gcuirfeadh na comhlachtaí poiblí tús le próiseas chun na beartais sin a chruthú. Mhol an Meitheal Oibre Idir-Ranna um Shaoráil Faisnéise go dtionscnódh comhlachtaí poiblí tarraingt na mbeartais sin. Creidimse, áfach, i bhfianaise luas na n-athruithe a bheith mar atá; go gcaithfear dul i ngleic leis an tsaincheist seo go práinneach agus is dá réir sin a *mholaimse go n-úsáideann an tAire Airgeadais a chumhachtaí faoi alt 15 (5) den Acht um Shaoráil Faisnéise chun bearta a chur in alt a chinnteoidh go bhfeidhmeoidh na beartais agus córais um bainistiú taifead ag leibhéal optamach chun riachtanais an Achta a chomhlíonadh.*

Athbhreithnithe ar an Acht amach anseo

Tá sé ráite agam cheana féin nach raibh cuid den díospóireacht i dtaobh leasú an Achta agus tabhairt isteach na dtáillí chomh heolach sin; cheap go leor tráchtairí nach raibh go leor ama ná eolais ar fáil chun tábhacht na n-athruithe a chíoradh ná chun iad a chur i gcomhthéacs na taithí thar lear. Ag scríobh dó ag an am, thug tráchtairé measúil amháin faoi deara “gur chóir na hábhair inní i leith fheidhmiú an Achta a mheasúnú i gcaitheamh athbhreithniú oscailte den Acht a dhéanfadh machnamh ar na gnéithe is fearr agus is measa de, (agus) nach ligfeadh an tréimhse ghearr dóthain ama le hathbhreithniú leathan a dhéanamh ar an reachtaíocht”.

Féadtar reachtaíocht a leasú nó a aisghairm in imeacht na mbliain, agus níltear in aon amhras ach go ndéanfar tuilleadh leasuithe ar an Acht um Shaoráil Faisnéise amach anseo. Tá sé tábhachtach do chúifheidhmiú an Achta, agus do na príonsabail is cúis leis, go mbeidh athbhreithniú cuimsitheach ar aighneachtaí ó gach leasghrúpa sula ndéanfar aon leasuithe eile air. Creidim go bhfuil tábhacht faoi leith i dtaithí na réimeas eile um Shaoráil Faisnéise, Queensland go háirithe, maidir le seo.

Tá sé tábhachtach mar gheall ar nádúr aon athbhreithniú um reachtaíocht Shaoráil Faisnéise go stiúrfaí a leithéid ar bhonn oscailte trédhearcach cuimsitheach. Ba chóir é a

bhunú, ar a laghad, ar chomhairliú leis na páirtithe leasmhara seachtracha, le dlínsí eile, leis an Rialtas, leis an bpobal, le seirbhísigh phoiblí agus leis an Oifig ábhartha de chuid an Choimisinéara Fhaisnéise.

Is trua nár cloíodh leis an dea-chleachtas ó thar lear in athbhreithniú na reachtaíochta Éireannaí. Agus ní hamháin gur inmhianaithe é an t-ollchomhairliú ach é a bheith riachtanach – rud a gcuirtear béim air i bPáipéar Bán an Rialtais, “Rialú Níos Fearr”, ar thagair mé dó ag tús na Caibidle seo.

I mo thuairimse, ba chóir don athbhreithniú sin cluas a thabhairt d’eispéireas na ndlínsí thar lear in athruithe ar fheidhmiú an Achta agus i leasuithe an Achta araon. I gCaibidil a Dó d’fhéach mé ar roinnt de na heispéireaisí seo. Nochtaimse anseo thíos mo mholtaí a bhaineann le haon athbhreithniú den Acht Éireannach um Shaoráil Faisnéise sa todhcháif.

Táillí

Táillí Iarratais

Is í an taithí atá amuigh go hidirnáisiúnta gur iondúil go dtagann laghdú ar líon na n-iarratas nuair a thugtar táillí isteach. In Ontario, mar shampla, tháinig laghdú 20% ar úsáid an Achta le tabhairt isteach na dtáillí ag leibhéal ní b’isle ná in Éirinn; rud a spreag Coimisinéir Faisnéise Ontario chun an cheist a chur an raibh na táillí úra imithe thar fóir. I gcás na hÉireann, is amhlaidh go bhfuil titim níos airde tagtha ar iarratais le táillí níos airde. Agus cosúil leis an gCoimisinéir in Ontario thall, táimse in amhras an bhfuil na táillí nua ró-mhór.

Ní ghearrann ach triú cinn de na seacht ndlínse a iniúchadh táillí um Shaoráil Faisnéise. Ní ghearrtar táillí ar athbhreithniú inmheánach ina aon cheann díobh agus is é Ontario amháin a ghearrann táille ar iarratas chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise. Agus is lú i bhfad iad na táillí a ghearrtar thall in Ontario (€6.20 agus €15.60 ar fhaisnéis phearsanta agus neamhphearsanta faoi seach), ná an táille de €150 ar fhaisnéis neamhphearsanta abhus in Éirinn.

Is léir ó na comparáidí le dlínsí thar lear go bhfuil struchtúr agus scála na dtáillí roimhré in Éirinn neamh-chomhthreomhar leis an gcleachtas ar an gcoigríoch. Is í an táille de €150 ar iarratais chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise go háirithe an ceann a dhealraíonn a bheith iomarcach i gcomparáid leis an gcleachtas thar lear.

Molaimse, i gcomhthéacs aon athbhreithniú ar an Acht amach anseo, go ndéanfaí machnamh ar an mbeartas um ghearradh táillí roimhré ag céim an athbhreithnithe inmheánaigh agus ar iarratais chuig Oifig an Choimisinéara Fhaisnéise.

Mholfainn go dtabharfadh an t-athbhreithniú sin aird do threoir Chomhairle na hEorpa a fhaightear ina foilseachán “Rochtain ar Cháipéisíocht Oifigiúil” a mhaíonn gur chóir na táillí a ghearrtar a bheith réasúnta agus neamhchostasach. (Féach Conclúidí thíos).

Táillí Cuardaigh agus Aisghabhála

D'fhéadfaí staidéar grinn a dhéanamh ar mhúnla na RA/na hAlban nuair a thiocfaidh sé chun feidhmiú i gceann roinnt míonna. Cé nach bhfuil sé i gceist táillí iarratais a ghearradh, áireofar leis uasmhuirear um próiseáil agus um an achar cuardaigh agus aisghabhála. Beidh an cur chuige seo úsáideach sa chaoi is go dtabharfaidh sé léargas don iarratasóir ar na fíorchostais a bhaineann leis an tSaoráil Faisnéise; cé go mbeidh sé teoranta do 10% den chostas próiseála, agus den achar cuardaigh agus aisghabhála. Cloíonn sé freisin le torthaí Athbhreithniú Queensland 2001 a dhearbhaigh gurbh éagórach é an costas iomlán athshlánaithe a ghearradh ar mhór-iarratais.

Creidimse gurbh inmholta é an múnla de chuid na RA/na hAlban, dá nascfaí é le córais éifeachtúla um bainistiú na dtairfead a sheachadann mear-aithint agus mear-athshlánú den fhaisnéis ar iarratas in éineacht le cur chuige straitéiseach cruinn ar thaobh na n-iarratasóirí de, agus *molaimse go ndéanfaí athbhreithniú ar fheidhmiú an mhúnla sin i gcomhthéacs aon athbhreithniú den Acht amach anseo.*

Tá roinnt réimsí buairimh eile ann arbh fhiú a gcóradh in athbhreithniú dá leithéid.

Iarratais ó Bhaill an Oireachtais

Deir roinnt Teachtaí Dála nár chóir go bhfeidhmeofaí na muirir um Shaoráil Faisnéise ar bhaill an Oireachtais. Cé nach bhfuair mé fianaise do thoradh fadtéarmach ar iarratais sa réimse sin, is saincheist í sna díospóireachtaí thar lear. Mar a luadh ní ba luaithe, mhol an *Australian Standing Committee on Legal and Constitutional Affairs* go mba cheart iarratais ar faisnéis ar ghnách a sholáthar do Bhaill Pharlaiminte trí mheán na bhFreagraí Parlaiminte; go mba cheart iad a chur ar fáil saor in aisce faoin tSaoráil Faisnéise.

Molaimse go dtabharfaí machnamh ar an tsaincheist seo i gcomhthéacs aon athbhreithniú amach anseo.

Iarratais ag baill na meán

Tá sé tugtha chun suntais ag tráchtair amháin go mbíonn stádas speisialta ag na meáin i dtíortha áirithe i dtaca le táillí (ar nós na Stát Aontaithe), mar gheall ar a bhfeidhm chun faisnéis a thabhairt don phobal. Is í a argóint gur chóir tarscaoileadh táillí a sholáthar d'iriseoirí a bhíonn ag fiosrú mórscealta i ndáil le tuiscint a fháil ar ábhair le tábhacht náisiúnta acu.

Ar an láimh eile de, níor mhol an *Australian Standing Committee* go gcuirfí foráil shainiúil tarscaoilte ann d'iriseoirí. Agus é ag míniú a bhfáthanna, rinne sé athfhríotal ar Oifig a nArd-Aighne a dúirt “bheimis ag dúil go n-íocfadh iriseoirí de ghnáth, toisc, le bheith neamhbhalbh, go mbíonn siad ag déanamh iarratas ar son na nuachtán a bhfhostaíonn iad den chuid is mó. Sílim gur féidir iadsan a idirdhealú ó Bhaill Pharlaiminte nach mbíonn eagraíochtaí tráchtála ag tacú leo.”

Thug mo réamhtheachtaí imlíniú ina chéad Tuarascáil Bhliantúil siúd ar a dhearcadh faoi ról na n-iriseoirí i gcur chun chinn na trédhearcachta i ngnó an rialtais:

“I ndaonlathas nua-aimseartha, is bealach amháin ríthábhachtach le gnó an rialtais a thabhairt os comhair an phobail is iad na meáin. Tá sé tábhachtach nach mbíonn cumas na meán san fheidhm seo ag brath amháin ar bhealaí ina mbíonn an rogha faisnéise, agus amchlár a sceite faoi choimirce an pháirtí a sholáthraíonn an fhaisnéis sin. Tugann an tAcht, trí bhronnadh an chirt reachtúil um rochtain ar fhaisnéis; tugann sé an tionscnamh don iarratasóir. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go bhfaigheann na meáin leas as an gceart seo ar son an phobail.”

Molaimse go ndéanfaí machnamh ar an ábhar seo in aon athbhreithniú amach anseo.

Tarscaoileadh Táillí i gCásanna de Leas Poiblí/de Shochar Poiblí

Rinneadh machnamh san athbhreithniú in Queensland ar chóir tarscaoileadh le táillí mar a mbíonn leas poiblí nó sochar poiblí i gceist. Bíonn sé i bhfad níos éasca do chomhlachtaí poiblí an tástáil seo a fheidhmiú ná an tástáil néalmhar atá san Acht Éireannach ina gcaithfear measúnú a dhéanamh an mbeadh an taifead mar chúnamh faoi leith do thuiscint níos fearr ar shaincheist de thábhacht náisiúnta.

Molaimse go ndéanfaí machnamh ar an ábhar seo i gcomhthéacs aon athbhreithniú amach anseo.

Conclúid

Tamall beag tar éis tabhairt isteach na dtáillí dúirt mé go raibh an anáil i mbéal ghob an tAcht um Shaoráil Faisnéise ach ní raibh sé le hiompar den pháirc imeartha fós. Nochtann tuarascáil an fhiosrúcháin seo toradh na leasuithe ar fheidhmiú an Achta, aithníonn sé bearta a d’fhéadfaí a dhéanamh sa ghearrthéarma lena fheidhmiú a fheabhsú, agus tá roinnt moltaí déanta agam le héifeachtacht an Achta a fheabhsú san fhadtéarma.

Ina *“Moltaí um Rochtain ar Cháipéisíocht Oifigiúil”* leag Comhairle na hEorpa amach na heochairphrionsabail, dar léi, a bhaineann leis an tSaoráil Faisnéise, ina ndeirtear:

- go ligean sí don phobal léargas fóirsteanach a fháil, agus tuairimí criticiúla a mhúnlú ar an tsochaí ina maireann siad agus ar na húdaráis a rialaíonn orthu, agus ag an am céanna ag spreagadh rannpháirtíocht an phobail in ábhair leasa na coitiantachta;
- cothaíonn sí éifeachtúlacht agus éifeachtacht na riarachán agus cuidíonn sí lena n-iomláine a chothabháil trí phriacal na caimiléireachta a sheachaint;
- cuidíonn sí le dearbhú dhlisteanacht na riarachán mar sheirbhísí poiblí agus neartaíonn sí muinín an phobail sna húdaráis poiblí.

Is in é go bunúsach atá sa tSaoráil Faisnéise: bíonn eochair-ról le feidhmiú ag iarratasóirí,

lucht cinnteoireachta, lucht ceaptha beartais agus reachtóirí go léir i bhforbairt mhuintín, iontaoibh agus rannpháirtíocht an phobail i bhforais an Stáit trí mheán, i measc nithe eile, Acht éifeachtach um Shaoráil Faisnéise.

Táim dóchasach go n-imreoidh an Tuarascáil seo páirt i bhfeabhsú fheidhmiú an Achta agus go bhfeabhsóidh sí a thuilleadh tairbhe aitheanta na sochaí a bhaineann le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise. Chuige sin, tá súil agam go spreagfaidh sí díospóireacht pholaitiúil agus poiblí faoi stádas reatha na Saorála Faisnéise sa tír seo agus go múnlóidh an tuarascáil seo agus an díospóireacht ina diaidh araon aon leasuithe eile don Acht amach anseo.

Níl aon ról agam i gceapadh beartais, ach is ceist anois í do lucht ceaptha beartais agus don Roinn Airgeadais go háirithe ar éirigh leis na hathruithe a tugadh isteach an méid a beartaíodh dóibh a bhaint amach? Is soiléir iad mo chonclúidí: ní raibh toradh suntasach ag na leasuithe ar chultúr na Saorála Faisnéise. Is é gearradh na dtáillí, ámh, is cúis le titim ghéar in úsáid an Achta agus gur maolaíodh a phrionsabail treoracha an oiread sin – mar atá leagtha amach i dTeideal Fada neamhathraithe an Achta – go gcaithfear féachaint in athuair ar an mbeartas um ghearradh táillí.

Agus faoi dheireadh, casaim ar m’Oifig féin. Tá Oifig Choimisinéir na Faisnéise mar chuid thar a bheith riachtanach de réimeas na Saorála Faisnéise in Éirinn. Ní hamháin go ndéanann sí athbhreithniú ar chinntí na gcomhlachtaí poiblí ach déanann sí monatóireacht ar fheidhmiú an Achta agus spreagann sí comhlachtaí poiblí eolas faoina ngníomhaíochtaí a fhoilsiú go poiblí. Ach tá ról na hOifige chun cinntí a athbhreithniú an-tábhachtach agus i ndaingniú phrionsabail na Saorála Faisnéise ar fud na seirbhíse poiblí. Féach mar shampla ar dhá chás; cinntí na hOifige maidir le costais bhaill an Oireachtais, agus conarthaí ar thairiscintí poiblí.

Thit líon na n-iarratas lena n-athbhreithniú chuig m’Oifigse freisin ó tugadh isteach táille de €50 ar fhaisnéis neamhphearsanta nó €240 san iomlán nuair a chuirtear táillí um athbhreithniú inmheánach agus um bun-iarratais san áireamh. Tá scála na táille sin gan a mhacasamhail in Oifigí Choimisinéirí Faisnéise i ndlínsí eile a ndearna an Tuarascáil seo staidéar orthu. Agus, faraor, laghdaíonn an titim i líon na n-iarratas cumas m’Oifigse go hindíreach, trí cinntí nua “fasaigh” a dhéanamh, chun leanúint ar aghaidh lena hobair thábhachtach i ndaingniú bhunphrionsabail na Saorála Faisnéise, mar atá an oscailteacht, an trédhearcacht agus an chuntasacht.

Mar gheall ar na forbairtí seo ba chóir go mba í an chéad tosaíocht don Roinn Airgeadais í in aon athbhreithniú ar struchtúr na dtáillí i gcoitinne, chun athmheasúnú a dhéanamh ar na táillí ar inghearrtha ag m’Oifigse iad.

AGUISÍN I

Na Comhlachtaí Poiblí a ndearnadh suirbhé orthu i ndáil le Caibidil a Trí

Gach Roinn Rialtais, Oifig na nOibreacha Poiblí, Na Coimisinéirí Ioncaim, Coimisiún na gCeapachán Státseirbhíseach agus Áitiúil, Oifigí Thithe an Oireachtais, Ombudsman, RTÉ, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Ospidéal na hOllscoile, Mater Misericordiae, Adelaide agus na Mí, (Tamhlacht), Bord Sláinte an Deiscirt, Bord Sláinte an Iarthair, Bord Sláinte Limistéir an Chósta Thoir, Comhairle Chontae Chorcaí, Comhairle Cathrach Átha Cliath, Comhairle Chontae Chiarraí, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Comhairle Chontae Fhine Gall, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Má Nuad, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo agus Institiúid Teicneolaíochta Áth Luain.

Is é seo a leanas corp na litreach inar iarradh na mionsonraí sin:

A Chara

Cumasaítear an Coimisinéir Faisnéise, faoi alt 36 den Acht um Shaoráil Faisnéise, chun fiosrúchán a dhéanamh ar “na cleachtais agus nósanna imeachta a ghlacann comhlachtaí poiblí trí chéile nó comhlacht poiblí faoi leith chun críoch an chomhairle le forálacha an Achta i gcoitinne..... agus chun críoch daoine a chumasú chun na cearta a bhronnann an tAcht seo orthu a chleachtadh.... agus chun tuarascáil a ullmhú”.

Chinn an Coimisinéir fiosrúchán dá leithéid a thionscain i ndáil le roinnt comhlachtaí poiblí lena n-áirítear [ainm an chomhlachta]. Mar an chéad chéim tá sé i gceist aici staitisticí a chomhordú a bhaineann le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a fuair na comhlachtaí poiblí, in eagar de réir míonna idir 1 Eanáir 2002 agus 31 Nollaig 2003. Ní chreidim go mbeidh impleachtaí suntasacha acmhainní ann do [ainm an chomhlachta] leis an iarratas seo toisc nach bhfuil de dhíth air ach dí-chomhbhailiú na staitisticí a sholáthraíonn sibh ar bhonn bliantúil faoi láthair. Rachaidh Imscrúdaitheoir ón Oifig seo i dteagmháil le d’Oifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise go luath maidir leis seo.

Chomh maith leis sin, tá sé i gceist ag an gCoimisinéir na cleachtais agus nósanna imeachta chun plé le hiarratais um Shaoráil Faisnéise a scrúdú go mion i sampla de chomhlachtaí poiblí. Má chinntear do [chomhlacht poiblí] a chur san áireamh sa sampla, scríobhfaidh mé chugat arís chun scóip an fhiosrúcháin a mhíniú.

Tá sé i gceist ag an gCoimisinéir tuarascáil an fhiosrúcháin a fhoilsiú i lár na bliana 2004 nuair a chuirfear í faoi bhráid an Oireachtais, an Aire Airgeadais agus na gcomhlachtaí poiblí lena mbaineann, de réir alt 36(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise. Bheadh sí buíoch ach lán-chomhoibriú do [chomhlachta poiblí] a fháil um an ábhar seo.

Is mise, le meas,

Pat Whelan
Ard-Stiúrthóir

Tar éis na litreach sin, iarradh mionsonraí comhchosúla i ndáil le hEanáir – Márta 2004.

AGUISÍN II

Na Comhlachtaí Poiblí a ndearnadh suirbhé orthu i ndáil le Caibidil a Trí

An Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, An Roinn Sláinte agus Leanaí (seachas taifid chúraim leanaí), Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Náidúrtha, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, Ospidéal na hOllscoile, Mater Misericordiae, Adelaide agus na Mí, (Tamhlacht), Bord Sláinte an Deiscirt, Bord Sláinte Limistéir an Chósta Thoir, Comhairle Cathrach Átha Cliath, Comhairle Chontae Mhaigh Eo, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Áth Luain.

Is é seo a leanas corp na litreach inar iarradh na mionsonraí sin:

A Chara

Cuimhneoidh tú gur scríobh mé chugat ar 8 Nollaig 2003, ag cur in iúl duit go bhfuil an Coimisinéir i mbun fiosrúcháin faoi alt 36 den Acht um Shaoráil Faisnéise “sna cleachtais agus nósanna imeachta a ghlac comhlachtaí poiblí trí chéile nó comhlacht poiblí faoi leith chun críoch comhaill le forálacha an Achta i gcoitinne agus chun críoch daoine a chumasú chun na cearta a bhronnann an tAcht seo orthu a chleachtadh”.

Thug mé le fios i mo litirse go raibh sé i gceist ag an gCoimisinéir mionscrúdú a dhéanamh ar nósanna imeachta agus cleachtais chun plé le hiarratais um Shaoráil Faisnéise i sampla de chomhlachtaí poiblí. Tá [ainm comhlachta] i measc na gcomhlachtaí a roghnaíodh don fhiosrúchán sin.

Tá sé mar scóip ag an gcéim seo den fhiosrúchán próifíl a thógáil de gach iarratas a fuair roinnt comhlachtaí poiblí idir Eanáir 1 2002 agus Nollaig 31, 2003. Is iad na gnéithe sa phróifíl sin ná an t-iarratas féin, na díolúintí a feidhmíodh (dá mba ann d’aon cheann), an cineál iarratasóra, toradh an iarratais srl. Ceanglaím leis seo teimpléad ina dtaispeántar an t-eolas atá uaim ar dtús agus bheinn buíoch díot dá socrófa an teimpléad a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais chuig mo chomhleacaí, an tUas. Liam Kelly, Fiosróir Sinsearach, comh luath agus is féidir.

Roghnóidh an Oifig seo sampla randamach srathaithe de chomhaid chásanna ón liosta cásanna a sholáthrófar; agus tá sé i gceist ag an Oifig mionscrúdú a dhéanamh orthu seo. Rachaidh imscrúdaitheoir ón Oifig seo i dteagmháil le d’Oifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise ag an bpointe sin chun coinne a dhéanamh na comhaid seo a scrúdú agus chun nósanna imeachta agus na modhanna athbhreithnithe áta in alt sa [Ainm an Chomhlachta] chun plé le hiarratais um Shaoráil Faisnéise. Más é an cás go bhfuil cúiseanna cáinte ag an gCoimisinéir i leith nósanna imeachta agus cleachtais um Shaoráil Faisnéise de chuid d’eagrais bunaithe ar na sonraí a bhailítear, tabharfar deis daoibh trácht a thabhairt sula mbeidh an tuarascáil fhiosrúcháin iomlánaithe.

Tuigim go gcuirfidh an fiosrúchán seo isteach go pointe áirithe ar obair reatha an Aonaid um Shaoráil Faisnéise de chuid d’eagrais, ach bheadh an Coimisinéir buíoch as bhur gcomhoibriú leanúnach ionas go n-iomlánófar an fiosrúchán comh luath agus is féidir.

Is mise, le meas,

Pat Whelan
Ard-Stiúrthóir

Uimhir Thagartha	An Dáta a Fuarthas	Dáta Eisithe an Chinnidh	Dáta Eisithe an Athbhr. Inmheán.	Cineál an Iarratais ¹	Próifíl an Iarratasóra ²	Toradh an Iarratais ³	Táille Cuardaigh agus Aisghabhála (T / N)
------------------	--------------------	--------------------------	----------------------------------	----------------------------------	-------------------------------------	----------------------------------	---

1 Pearsanta

Neamhphearsanta
Measctha

2 Iriseoir

Gnólacht
Ball an Oireachtais
Foireann
Eile

3 Deonaithe

